



Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 3 Nollaig 2021
(OR. en)

14684/21

**Comhad Idirinstitiúideach:
2021/0391(COD)**

**COPEN 437
JAI 1351
EUROJUST 105
CODEC 1593**

TOGRA

ó:	Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir
dáta a fuarthas:	2 Nollaig 2021
chuig:	Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh
Uimh. an doic. ón gCoim.:	COM(2021) 756 final
Ábhar:	Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena mbunaítear ardán comhair chun tacú le feidhmiú na bhFoirne Comhpháirteacha um Imscrúdú agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2018/1726

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2021) 756 final.

Faoi iamh: COM(2021) 756 final



AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 1.12.2021
COM(2021) 756 final

2021/0391 (COD)

Togra le haghaidh

RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

**lena mbunaítear ardán comhair chun tacú le feidhmiú na bhFoirne Comhpháirteacha
um Imscrúdú agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2018/1726**

{SWD(2021) 390 final}

MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

1. COMHTHÉACS AN TOGRA

- **Forais agus cuspóirí an togra**

Réamhrá

Is foirne iad Foirne Comhpháirteacha um Imscrúdú (JITanna) a chuirtear ar bun le haghaidh imscrúduithe coiriúla ar leith agus ar feadh tréimhse teoranta ama. Is iad údaráis inniúla dhá Bhallstát nó níos mó agus, b'fhéidir, tíortha nach bhfuil san AE (tríú tíortha), a bhunaíonn iad chun imscrúduithe coiriúla a dhéanamh le chéile a thrasnaíonn teorainneacha. Is féidir JIT a chur ar bun, go háirithe, nuair a éilíonn imscrúduithe Ballstáit ar chionta coiriúla imscrúduithe deacra éilitheacha a bhfuil naisc acu le Ballstáit eile nó le tríú tíortha. Féadfar é a chur ar bun freisin nuair atá roinnt Ballstát ag déanamh imscrúduithe ar chionta coiriúla ina bhfuil gá le gníomhaíocht chomhordaithe, chomhbheartaithe sna Ballstáit lena mbaineann de bharr imthosca an cháis.

Is iad Airteagal 13 de Choinbhinsiún an Aontais Eorpaigh um Chúnamh Frithpháirteach in Ábhair Choiriúla¹ agus Cinneadh Réime 2002/465/CGB ón gComhairle an 13 Meitheamh 2002 maidir le foirne comhpháirteacha um imscrúdú an bunús dlí chun JIT a bhunú². Is féidir le tríú tíortha a bheith ina bpáirtithe sna JITanna má cheadaítear sin leis an mbunús dlí. Mar shampla, Airteagal 20 den Dara Prótacal Breise de Choinbhinsiún Chomhairle na hEorpa 1959³ agus Airteagal 5 den Chomhaontú maidir le Cúnamh Dlíthiúil Frithpháirteach idir an tAontas Eorpach agus Stáit Aontaithe Mheiriceá⁴.

Tá JITanna ar cheann de na huirlisí is rathúla i dtaobh imscrúduithe trasteorann agus ionchúisimh san Aontas Eorpach. Cumasaítear leo comhar agus cumarsáid dhíreach idir údaráis bhreithiúnacha agus údaráis fhorghníomhaithe an dlí i roinnt Stát chun a ngníomhaíochtaí agus a n-imscrúduithe a eagrú chun cásanna trasteorann a imscrúdú go héifeachtúil.

Fadhbanna a théann i ngleic leis an togra

Mar sin féin, léiríonn an cleachtas go bhfuil roinnt deacrachtaí teicniúla os comhair JITanna a chuireann cosc orthu a bheith éifeachtúil ina gcuid oibre ó lá go lá agus óna gcuid oibríochtaí a chothú. Baineann na príomhdheacrachtaí le malartú leictreonach slán faisnéise agus fianaise (lena n-áirítear comhaid mhóra), cumarsáid leictreonach shlán le comhaltaí eile JIT agus le comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí inniúla Aontais amhail Eurojust, Europol agus an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF), chomh maith le comhbhainistiú laethúil JIT.

Sa dara tuarascáil mheastóireachta ar JITanna⁵, a d'ullmhaigh Lónra na Saineolaithe Náisiúnta ar Fhoirne Comhpháirteacha Imscrúdaithe (Lónra JITanna) in 2018, comhlacht a bunaíodh chun tacú leis na Ballstáit agus chun dea-chleachtais agus taithí a roinnt i réimse na JITanna, tugadh le fios cheana féin go bhféadfaí obair na JITanna a fheabhsú agus a spreagadh má fhaigheann sé tacaíocht ó ardán tiomnaithe TF. Chuirfeadh an t-ardán TF ar chumas a chomhaltaí cumarsáid shlán a dhéanamh eatarthu féin, agus faisnéis agus fianaise a

¹ IO C 197, 12.7.2000, lch. 3-23.

² IO L 162, 20.6.2002, lch. 1-3.

³ CET Uimh 182.

⁴ IO L 181, 19.7.2003, lch. 34.

⁵

roinnt. Dheimhnigh an staidéar ar Cheartas Coiriúil Digiteach⁶ torthaí na tuarascála sin agus moladh ardán TF a chruthú do JITanna chun a chinntiú go bhfeidhmeoidh na JITanna ar bhealach níos éifeachtúla agus níos sláine.

Tar éis na dtorthaí sin, d'fhógair an Coimisiún pleananna⁷ chun reachtaíocht a mholadh lena mbunófar 'ardán comhoibrithe chun tacú le feidhmiú na gComhfhóirne Imscrúdaithe' (an t-ardán).

Cuspóirí an togra

Is é cuspóir ginearálta an togra tacaíocht theicneolaíoch a chur ar fáil dóibh siúd a bhfuil baint acu le JITanna chun éifeachtúlacht agus éifeachtacht a gcuid imscrúduithe agus ionchúiseamh trasteorann a mhéadú.

Is iad seo a leanas cuspóirí sonracha an togra:

- (1) A chinntiú gur féidir le comhaltaí agus le rannpháirtithe JITanna faisnéis agus fianaise a bhailítear le linn ghníomhaíochtaí JIT a chomhroinnt ar bhealach níos éasca.
- (2) A chinntiú gur féidir le comhaltaí agus le rannpháirtithe JITanna cumarsáid níos éasca agus níos sábháilte a dhéanamh lena chéile i gcomhthéacs ghníomhaíochtaí JIT.
- (3) Comhbhainistiú laethúil JIT a éascú, lena n-áirítear gníomhaíochtaí comhthreomhara a phleanáil agus a chomhordú, inrianaitheacht chomhroinnte fianaise agus comhordú le tríú tíortha a fheabhsú, go háirithe i gcás ina mbíonn cruinnithe fisiciúla rófhada nó ró-íditheach.

An réiteach atá beartaithe

Chun na cuspóirí sin a bhaint amach agus chun dul i ngleic leis na fadhbanna bunúsacha, moltar ardán tiomnaithe TF ina mbeidh comhpháirteanna láraithe agus díláraithe – ardán comhoibrithe na JITanna -. Bheadh an t-ardán inrochtana do na gníomhaithe go léir atá páirteach in imeachtaí JIT, i.e. ionadaithe na mBallstát a chomhlíonann ról comhaltaí JIT ar leith, ionadaithe ó thríú tíortha ar tugadh cuireadh dóibh comhoibriú i gcomhthéacs JIT ar leith, agus comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí inniúla an Aontais amhail Eurojust, Europol, Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh agus OLAF.

Déanfaidh na príomhfheidhmeanna, a bhfuil cur síos mionsonraithe orthu thíos, an chumarsáid leictreonach a éascú, faisnéis agus fianaise a roinnt, lena n-áirítear méideanna móra sonraí, inrianaitheacht fianaise a áirithiú chomh maith le planáil agus comhordú oibríochtaí JIT.

Thabharfaí dearadh, forbairt, bainistiú teicniúil agus cothabháil an ardáin do Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh chun Bainistiú Oibríochtúil a dhéanamh ar Chórais Mhórsála TF sa Limistéar Saoirse, Slándála agus Ceartais (eu-LISA), gníomhaireacht de chuid an Aontais atá i gceannas ar chórais mhórsála TF sa Limistéar Saoirse, Slándála agus Ceartais.

Is ar bhonn deonach a bheadh an t-ardán, agus bheadh lánrogha ag na húdaráis atá páirteach sna JITanna agus iad ag iarraidh an t-ardán a úsáid le haghaidh JIT ar leith. Ina theannta sin,

⁶ <https://op.europa.eu/ga/publication-detail/-/publication/e38795b5-f633-11ea-991b-01aa75ed71a1>

⁷ Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le digitiú an cheartais san Aontas Eorpach – Bosca uirlisí deiseanna, COM (2020) 710 críochnaitheach, 2.12.2020.

bheadh cead ag comhaltaí agus rannpháirtithe JIT uirlisí eile a úsáid agus leas á bhaint as an ardán ag an am céanna. Mar shampla, má chinneann siad fianaise a chur ar aghaidh go pearsanta ag cruinniú oibre nó tríd an bhFeidhmchlár Líonra um Malartú Slán Faisnéise (SIENA), arna bhainistiú ag Europol.

Le haitireacht an ardáin, d'fhéadfaí seisiúin (neamh-idir-inoibritheacha) a chruthú in silo, 'spásanna comhoibrithe JIT' a bhaineann go sonrach le gach JIT agus gan iad a oscailt ach ar feadh thréimhse an JIT. Ní bheadh aon fheidhmeanna trasghearrtha ná aon idirghníomhaíocht idir JITanna éagsúla á n-óstáil ag an ardán.

Thacódh an t-ardán le feidhmiú JITanna le linn a gcéimeanna oibríochtúla agus iar-oibríochtúla. Go praiticiúil, d'fhéadfaí spás comhoibrithe aonair JIT a chruthú ar an ardán chomh luath agus a shíníonn gach páirtí bunaithe comhaontú JIT. Dhúnfaí an spás tar éis dheireadh an phróisis mheastóireachta.

Thabharfaí rochtain ar an ardán trí ríomhairí rialta (deisce, ríomhairí glúine, etc.) agus trí ghléasanna móibíleacha chomh maith. Chuirfí a chomhéadan ar fáil i dteangacha uile an AE.

Ó thaobh na teicneolaíochta de, bheadh dhá ghné ar leith san ardán, (i) córas faisnéise láraithe, lena bhféadfaí sonraí a stóráil ar bhonn sealadach lárnach, agus (ii) bogearraí cumarsáide, feidhmchlár móibíleach, lena bhféadfaí sonraí cumarsáide a stóráil go háitiúil agus sonraí cumarsáide áitiúla a stóráil.

Ó thaobh na slándála de, cé go mbeidh an t-ardán ag feidhmiú ar an idirlíon chun modhanna solúbtha a chur ar fáil chun rochtain a fháil air, beifear ag díriú ar rúndacht a ráthú trí dhearadh. Bainfear é seo amach trí algartaim chriptithe láidre ó cheann go ceann a úsáid chun sonraí faoi bhealach nó faoi scíth a chriptiú (i.e. iad a stóráil ar stóráil fhisiciúil). Tá an ghné seo ríthábhachtach chun muinín a fháil ó chleachtóirí JIT a bhíonn ag plé le sonraí íogaire agus ní mór iad a chur ar a suaimhneas maidir le haon riosca a bhaineann le nochtadh neamhrialaithe. Ina theannta sin, cuirfear sásraí sainaitheanta agus fíordheimhnithe ilchéime iomchuí i bhfeidhm chun a áirithiú nach mbeidh rochtain ach ag comhaltaí agus rannpháirtithe údaráithe JIT ar an ardán.

Agus ardán comhoibrithe JITanna á cheapadh aige, ba cheart do eu-LISA idir-inoibritheacht theicniúil le SIENA a áirithiú.

Príomhfheidhmeanna

Cuirfidh an t-ardán na príomhfheidhmeanna seo a leanas ar fáil:

- cumarsáid shlán, do-inrianaithe go háitiúil ag feistí na n-úsáideoirí, lena n-áirítear uirlis chumarsáide a chuireann córas teachtaireachtaí meandracha ar fáil, gné chomhrá, closchomhdháil/físchomhdháil agus feidhm a chuirtear in ionad ríomhphoist chaighdeánacha;
- malartú faisnéise agus fianaise, lena n-áirítear comhaid mhóra, trí chóras uaslódála/íoslódála atá ceaptha na sonraí a stóráil go lárnach ar feadh an ama theoranta is gá chun na sonraí a aistriú go teicniúil. A luaithe a íoslódálann gach seoladh na sonraí, seriosfar go huathoibríoch ón ardán iad;
- inrianaitheacht fianaise – sásra logála ar ardleibhéal lena logáiltear rian de na daoine a rinne an fhianaise uile a roinntear tríd an ardán agus cathain a rinne sé í, agus a thacaíonn leis an ngá atá le hinghlacthacht fianaise os comhair cúirte a áirithiú.

Feidhmeanna eile

Cé is moite de na príomhfheidhmeanna sin, tairgfídh an t-ardán an méid seo a leanas freisin:

- feidhmeanna a bhaineann le bainistiú laethúil an JIT le linn na céime oibríochtúla agus iaroibríochtúla (meastóireachta);
- tacaíocht do na próisis riaracháin agus airgeadais;
- cumais theicniúla éagsúla a thacaíonn le próisis oibríochtúla agus riaracháin, lena n-áirítear an comhtháthú leis na seirbhísí leictreonacha a bhaineann leis na JITanna atá á n-óstáil cheana féin ag Eurojust agus á mbainistiú ag Rúnaíocht JIT, i.e. Maoiniú JIT, Meastóireacht JITanna agus Limistéar Srianta na JITanna, ag ceadú faisnéis agus doiciméid ábhartha a fháil gan gá a bheith le nascadh ar leithligh leis an ardán agus leis na seirbhísí a chuireann Rúnaíocht JIT ar fáil.

Cearta rochtana

Tabharfar aird ar leith ar chearta rochtana an ardáin. Is é bunphrionsabal an ardáin ná gur ar riarthóir spáis JIT ó na Ballstáit atá rannpháirteach sna JIT a bheidh bainistiú na gceart rochtana. Beidh sé de chúram orthu rochtain a thabhairt, le linn chéimeanna oibríochtúla agus iar-oibríochtúla an JIT, ar an méid seo a leanas:

- ionadaithe na mBallstát eile atá rannpháirteach sa JIT;
- ionadaithe tríú tíortha atá ina gcomhaltaí freisin de JIT ar leith;
- ionadaithe Eurojust, Europol, Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh, OLAF agus comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí inniúla eile de chuid an Aontais; agus
- ionadaithe Rúnaíocht JIT.

Ina theannta sin, beidh sé de rogha ag riarthóir spáis JIT teorainn a chur le rochtain ar chodanna faisnéise agus fianaise dóibh siúd a bhfuil baint acu leo, lena n-áirítear ceadanna rochtana gráinneacha cás ar chás. Bhainfeadh an srian sin le húsáideoirí uile ardán comhoibrithe na JITanna, is cuma cé acu na Ballstáit, tríú tíortha, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí inniúla an Aontais nó Rúnaíocht JIT a bheadh i gceist.

Ní mór a chur in iúl go láidir nach mbeidh rochtain ag eu-LISA, mar an soláthraí óstála, ar na sonraí a stóráiltear ná a mhalartaítear tríd an ardán. Ní bheidh baint aige ach oiread le bainistíocht ceart rochtana, ach amháin an próiseas tosaigh a bhaineann le cearta rochtana a dheonú do riarthóir spáis JIT bunaithe ar an gcomhaontú sínithe JIT. Ní mór d'aitireacht an ardáin ráthaíochtaí leordhóthanacha a chur ar fáil chun go dtarlódh sé sin.

Ba cheart cearta rochtana na gcomhlachtaí, na n-oifigí agus na ngníomhaireachtaí inniúla de chuid an Aontais a shainiú i bhfianaise na tacaíochta oibríochtúla a thugann siad do JITanna, lena gcumhdaítear gach céim de na himeachtaí, ón nóiméad a síníodh an comhaontú JIT go dtí deireadh na céime meastóireachta. Ar an dara dul síos, ní mór don ardán foráil a dhéanamh do chearta rochtana do Rúnaíocht JIT, a bhfuil ról tábhachtach aici sa phróiseas sin. D'fhéadfadh Rúnaíocht JIT a bheith i gceannas freisin ar thacaíocht riaracháin an ardáin, lena n-áirítear bainistiú ceart rochtana, ar choinníoll go mbeidh ról den sórt sin á bheartú ag riarthóir spáis JIT (na riarthóirí spáis JIT) ar leith.

Agus aird á tabhairt ar an ról méadaitheach atá ag tríú tíortha maidir le coireacht eagraithe thromchúiseach agus sceimhlitheoireacht a ionchúiseamh go rathúil, beidh an t-ardán ar fáil dóibh freisin, má tá siad mar chuid de chomhaontú JIT. Braithfidh cearta rochtana sonracha, áfach, ar a ról in JIT ar leith agus ba cheart do riarthóir spáis JIT (riarthóirí spáis JIT) iad a leagan amach le haghaidh gach JIT faoi seach. Chun a ráthú go n-urramófar cearta bunúsacha, lena n-áirítear cosaint sonraí, agus i gcomhréir leis na nósanna imeachta is infheidhme faoi

láthair, sula ndeonófar rochtain ar thríú tír ar leith, beidh ar riarthóir spáis JIT measúnú críochnúil a dhéanamh ar na gnéithe cosanta sonraí i gcoinne na rialacha is infheidhme, go háirithe Treoir 2016/680⁸.

- **Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana**

Cuid ríthábhachtach chun limistéar saoirse, slándála agus ceartais a chruthú is ea imscrúduithe agus ionchúisimh choiriúla trasteorann a dhéanann na Comhfhoirne Imscrúdaithe a neartú.

Fógraíodh an togra seo sa Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le digitíú an cheartais san Aontas⁹, mar chuid de thionscnamh níos leithne chun cumarsáid leictreonach shlán agus malartú faisnéise agus doiciméad idir cúirteanna, údaráis náisiúnta, agus gníomhaireachtaí ceartais agus gnóthaí baile a chumasú. Is cuid é freisin de dhigitíú an phacáiste ceartais atá i gclár oibre an Choimisiúin do 2021 faoin gceannteideal ‘Ugach Nua do Dhaonlathas Eorpach’¹⁰.

- **Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais**

Tá an togra i gcomhréir le straitéis an Aontais um Aontas Slándála¹¹, leis an gclár oibre frithsceimhlitheoireachta don Aontas¹² agus le straitéis an Aontais chun dul i ngleic leis an gcoireacht eagraithe¹³.

I bhfianaise a íogaire is atá an fhaisnéis a mhalartaítear, tá sé ríthábhachtach go ndéanfar cur chun feidhme an chur chuige maidir leis an mbosca uirlisí maidir le digitíú an cheartais, lena n-áirítear tríd an togra seo, ar bhealach a ráthaíonn caighdeán láidre cibearshlándála. Tá sé sin comhsheasmhach leis an gcur chuige a leagtar amach i Straitéis Chibearshlándála an Aontais Eorpaigh agus leis an togra ón gCoimisiún le haghaidh Treoir maidir le bearta le haghaidh ardleibhéal comhchoiteann cibearshlándála ar fud an Aontais (NIS2), arb é is aidhm dó acmhainní cibearshlándála na n-eintiteas poiblí agus príobháideach, na n-údarás inniúil agus an Aontais ina iomláine a fheabhsú i réimse na cibearshlándála agus na cosanta ar bhonneagar criticiúil. Cé nach bhfuil na breithiúna sna Ballstáit faoi raon feidhme thogra NIS2 tá sé ríthábhachtach go gcuirfidh na Ballstáit bearta náisiúnta i bhfeidhm lena n-áiríteofaí leibhéal inchomparáide cibearshlándála.

2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

- **Bunús dlí**

Is é Airteagal 82(1)(d) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) an bunús dlí leis an togra. I gcomhréir leis an Airteagal sin, tá an chumhacht ag AE bearta a ghlacadh chun

⁸ Treoir (AE) 2016/680 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 i ndáil le cosaint daoine nádúrtha maidir le próiseáil sonraí pearsanta ag údaráis inniúla chun cionta coiriúla a chosc, a imscrúdú, a bhrath nó a ionchúiseamh nó chun pionóis choiriúla a fhorghníomhú, agus saorghluaiseacht sonraí den sórt sin.

⁹ Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le digitíú an cheartais san Aontas Eorpach – Bosca uirlisí deiseanna, COM(2020) 710 críochnaitheach, 2.12.2020.

¹⁰ Teachtaireacht ón gCoimisiún Clár Oibre an Choimisiúin 2021, Aontas don bheocht i ndomhan leochaileach, COM(2020) 690 críochnaitheach.

¹¹ Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le straitéis an Aontais um Aontas Slándála, COM(2020) 605 críochnaitheach.

¹² Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le clár oibre frithsceimhlitheoireachta don Aontas, COM(2020) 795 críochnaitheach.

¹³ Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le straitéis an Aontais chun dul i ngleic leis an gcoireacht eagraithe 2021-2025, COM(2021) 170 críochnaitheach.

comhar a éascú idir údaráis bhreithiúnacha nó údaráis choibhéiseacha na mBallstát i ndáil le himeachtaí in ábhair choiriúla.

Ag teacht le hAirteagail 1 agus 2 de Phrótacal Uimh 22 maidir le seasamh na Danmhairge, atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach (CAE) agus leis an CFAE, níl an Danmhairg rannpháirteach i nglacadh an Rialacháin seo agus níl sí faoi cheangal aige ná faoi réir a chur i bhfeidhm.

I gcomhréir le hAirteagal 1 go hAirteagal 3 de Phrótacal Uimh. 21 maidir le seasamh na hÉireann, atá i gceangal le CAE agus le CFAE, féadfaidh Éire fógra a thabhairt i scríbhinn d'Uachtarán na Comhairle gur mian léi a bheith rannpháirteach le linn aon bheart beartaithe den sórt sin a ghlacadh agus a chur i bhfeidhm, i gcás ina mbeidh sí i dteideal é sin a dhéanamh. Ní mór an fógra a bheith laistigh de thrí mhí tar éis do thogra nó tionscnamh a bheith tíolactha don Chomhairle faoi Theideal V de Chuid a Trí den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.

- **Coimhdeacht (i gcás inniúlacht neamheisiach)**

De réir phrionsabal na coimhdeachta atá leagtha síos in Airteagal 5(3) den CAE, níor cheart gníomhaíocht a dhéanamh ar leibhéal an Aontais ach amháin sa chás nach bhféadfaidh na Ballstáit na haidhmeanna atá beartaithe a bhaint amach go leormhaith ina n-aonar agus dá bhrí sin, de bharr fhairsinge nó éifeachtaí na gníomhaíochta atá beartaithe, gur fearr is féidir iad a bhaint amach ar leibhéal an Aontais. Thairis sin, is gá cineál agus déine birt ar leith a chur i gcomhréir leis an bhfadhb shainaitheanta.

Ní féidir ardán coiteann TF a chruthú ar fud an Aontais chun tacú le JITanna, rud a chuirfidh ar chumas na mBallstát úsáid a bhaint as réiteach teicneolaíochta nach bhfuil ag brath ar an mbonneagar náisiúnta TF, ní féidir é a bhaint amach go haontaobhach ar leibhéal na mBallstát ná go déthaobhach idir na Ballstáit. Is tasc é atá le déanamh ar leibhéal an Aontais. Dá bhrí sin, is faoin Aontas atá sé freisin ionstraim atá ceangailteach ó thaobh dlí a bhunú chun córas den sórt sin a chruthú agus na coinníollacha a leagan síos faoina bhfeidhmeoidh an córas sin.

- **Comhréireacht**

De réir phrionsabal na comhréireachta a leagtar síos in Airteagal 5(4) den CAE, ní mór cineál agus déine birt ar leith a bheith ag freagairt do chineál agus do dhéine na faidhbe a sainaitníodh.

Tá tacaíocht ar leibhéal an Aontais de dhíth chun dul i ngleic go héifeachtach le gach fadhb a thuairiscítear sa doiciméad seo. Dá dtabharfaí aghaidh ar na fadhbanna ina n-aonar, mar shampla trí uirlisí ar leith a chruthú chun dul i ngleic le saincheist na cumarsáide, bheadh an easpa sásra malartaithe sonraí, etc., i bhfad níos costasaí agus chruthófaí ualach riaracháin do na JITanna. Is é ardán TF ar fud an Aontais an t-aon bhealach amháin chun réiteach teicniúil coiteann nua-aimseartha a thabhairt do JITanna a chuirfidh ar a gcumas a n-imscrúduithe trasteorann a dhéanamh ar bhealach níos éifeachtúla.

Dá bhrí sin, is féidir teacht ar an gconclúid go bhfuil an ghníomhaíocht ar leibhéal AE chun an t-ardán a bhunú chun tacú le feidhmiú JITanna i gcomhréir leis na fadhbanna sainaitheanta a bhíonn ag JITanna le linn a gcuid oibre laethúla.

- **An rogha ionstraime**

Tá togra le haghaidh Rialacháin á chur ar aghaidh ag an gCoimisiún ós rud é go mbunaítear, leis an ionstraim dlí atá beartaithe, córas lárnach ar leibhéal an Aontais atá á bhainistiú ag an

ngníomhaireacht Eorpach eu-LISA. Leasaítear Rialachán (AE) 2018/1726 leis an togra freisin. Tá Rialachán infheidhme go díreach i ngach Ballstát agus ina cheangal go huile agus go hiomlán. Dá bhrí sin, ráthaíonn sé cur i bhfeidhm coiteann na rialacha tríd an Aontas agus a dteacht i bhfeidhm ag an am céanna. Áirithítear leis deimhneacht dhlíthiúil trí léirmhíniúthe difriúla sna Ballstáit a sheachaint, agus dá bhrí sin, ní tharlóidh ilroinnt dhlíthiúil.

3. TORTHAÍ AR MHEASTÓIREACHTAÍ EX POST, AR CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS AR MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

• Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara

Cé nach ndearnadh aon chomhairliúchán poiblí mar gheall ar chineál sonrach an togra, tá feachtas comhairliúcháin spriocdhírthe forleathan déanta ag an gCoimisiún chun a áirithiú go mbeidh deis ag na páirtithe leasmhara go léir lena mbaineann a dtuairimí a chur in iúl. Tá na nithe seo a leanas páirteach san fheachtas:

- ionchúisitheoirí, breithiúna agus ionadaithe forfheidhmithe dlí ó na Ballstáit;
- Údaráis náisiúnta na mBallstát;
- saineolaithe ó líonra JITanna;
- an lucht acadúil agus cleachtóirí i ndlí coiriúil an Aontais Eorpaigh;
- saineolaithe ar chosaint sonraí;
- ionadaithe Eurojust, Europol agus OLAF.

Bhí deis ag páirtithe leasmhara a dtuairimí a nochtadh trí theagmhálacha déthaobhacha, trí chruinnithe saineolaithe, trí shuirbhéanna ar líne agus trí aighneachtaí i scríbhinn.

Sna comhairliúcháin spriocdhírthe a eagraíodh idir Márta agus Iúil 2021, bailíodh tuairimí maidir leis na gnéithe den staidéar ar Cheartas Coiriúil Digiteach a bhaineann leis an ardán, na feidhmeanna atá le cumhdach leis an ardán a bheidh ann amach anseo, chomh maith leis an gcóras/na córais cosanta sonraí is infheidhme.

Ar an gcéad dul síos, ba dhíol sásaimh do na geallsealbhóirí uile an tionscnamh agus thug siad tuairim dhearfach faoi ardán a bhunú mar chéim a raibh géarghá léi chun comhar JITanna a dhigitiú.

A mhéid a bhaineann le saincheisteanna leathana, dhírigh formhór na ngeallsealbhóirí ar an méid seo a leanas:

- simplíocht an ardáin ionas gur féidir leis na cleachtóirí go léir lena mbaineann é a úsáid – d'fhéadfadh sé go gcruthódh uirlis anásta le sreafaí oibre casta fadhbanna do na húsáideoirí agus go mbeadh sé ina phríomhchúis gan é a úsáid;
- cosc a chur ar thionchar ar riachtanais shubstaintiúla nó dhlíthiúla obair na n-imscrúdaitheoirí, ionas nach gcuireann an t-ardán feidhmiú cuí JIT i mbaol;
- slándáil an ardáin – tá an leibhéal cosanta rithábachtach ionas gur féidir le cleachtóirí a bheith muiníneach nach ndéanfaí torthaí a n-imscrúduithe náisiúnta, a roinntear tríd an ardán, a nochtadh ar bhealach neamhrialaithe.

Rinneadh roinnt plé freisin ar an eintiteas atá i gceannas ar fhorbairt agus ar bhainistiú an ardáin amach anseo. Rinneadh na cásanna seo a leanas a mheas:

- an Coimisiún do chruthú an ardáin agus é a chur ar fáil do na Ballstáit lena chur chun feidhme nuair is gá laistigh dá mbonneagar féin;
- an t-ardán a chruthú agus é a bhunú sa Choimisiún;
- an t-ardán a chruthú agus é a bhunú ag ceann de ghníomhaireachtaí CGB a bhfuil baint dhíreach acu le tacaíocht a thabhairt d'údaráis na mBallstát an choireacht a chomhrac (e.g. Eurojust);
- an t-ardán a chruthú agus é a bhunú ag eu-LISA.

Thacaigh na geallsealbhóirí uile a ndeachthas i gcomhairle leo, lena n-áirítear Eurojust agus Europol, leis an rogha forbairt agus cothabháil an ardáin a chur de chúram ar eu-LISA. D'aithin siad go léir saineolas eu-LISA sa réimse sin mar aon leis an taithí atá aige ar chórais mhórsála TF lena gcomhlíontar caighdeáin slándála úrscothacha. Chomh maith leis sin, cuirtear san áireamh leis an rogha seo gur féidir JITanna a dhéanamh gan tacaíocht airgeadais ná rannpháirtíocht oibríochtúil Eurojust nó Europol.

Gan amhras, bhí díospóireacht ag an dá phríomhfheidhm a bhí ag an ardán ar an gcuid ba mhó le linn na gcomhairliúchán spriocdhírithé a d'fhéadfaí a chuimsiú trí phróiseas socraithe JIT agus trí stóráil lárnach.

Próiseas riaracháin chun JIT a chur ar bun

Ba é an túsphointe don phlé sin an tuarascáil deiridh ón staidéar ar Cheartas Coiriúil Digiteach, ina moltar go gcumhdóidh ardán comhoibrithe na JITanna céim réamhoibríochtúil na JITanna, i.e. an próiseas riaracháin chun JIT a bhunú. Tá go leor buntáistí ag baint leis an réiteach sin, lena n-áirítear:

- an fhéidearthacht doiciméid a mhalartú go slán agus go héifeachtúil thar theorainneacha, as a dtiocfaidh síniú comhaontaithe JIT;
- feidhm aistriúcháin uathoibríoch;
- fardal de na nósanna imeachta a bheidh le leanúint le linn phróiseas bunaithe JIT;
- tacaíocht do shínte leictreonacha éagsúla.

Bunaíodh le linn na gcomhairliúchán le páirtithe leasmhara, áfach, go bhfuil na gníomhaithe atá rannpháirteach i mbunú JIT go hiomlán difriúil ó na gníomhaithe atá ina gcomhaltaí de JIT nuair a bheidh siad bunaithe. Ina theannta sin, is minic a dhéanann duine nach mbeidh ina chomhalta den JIT féin an cinneadh dul isteach i JIT, e.g. an tArd-Ionchúisitheoir nó an tAire Dlí agus Cirt fiú. Dá bhrí sin, dá n-áireofaí próiseas socraithe riaracháin JIT ar an ardán, bheadh gá le himeacht iomlán ón tsamhail thuasluaite de spásanna JIT leithlisithe, chomh maith le sreabhadh oibre bainistithe cearta rochtana ar leithligh. Leis an gcás sin, bheadh an coincheap atá beartaithe don ardán éasca le húsáid níos casta agus bheadh gá le sreabha oibre riaracháin atá measartha dothuigthe agus am-íditheach a chur chun feidhme.

Dá bhrí sin, tar éis na gcomhairliúchán spriocdhírithé, is é an cas a mholtar próiseas bunaithe JIT a chumhdach laistigh den chóras r-fhianaise um malartú digiteach (eEDS) atá á chur chun feidhme ag an gCoimisiún faoi láthair. Leis an réiteach sin, chumhdófaí riachtanais riaracháin na ngeallsealbhóirí ar thaobh amháin agus, ar an taobh eile, ní dhéanfaidh sé dochar d'fheidhmiú laethúil an ardáin a bheidh ann amach anseo.

Stóráil lárnach

Ceann de na feidhmeanna is ríthábhachtaí atá ag an ardán ná faisnéis agus fianaise a mhalartú i measc chomhaltaí JIT agus rannpháirtithe eile. D'fhéadfaí an fheidhm sin a chur chun feidhme ar thrí bhealach éagsúla:

- (1) Gnáthfheidhm uaslódála/íoslódála – dhéanfaidh ball/rannpháirtí amháin de chuid JIT sonraí a uaslódáil ar an ardán agus stórálfai iad go lárnach go dtí an ball/na baill eile de JIT/rannpháirtithe eile a íoslódálfadh é.
- (2) Stóráil shealadach sholúbtha – chomh maith leis an ngnáthuaslódáil/íoslódáil, d'fhéadfaí sonraí a stóráil ar bhonn roghnach ag an ardán ar feadh tréimhse áirithe ama, e.g. seachtain amháin, mí amháin, etc. Saineodh an ball/rannpháirtí a uaslódálann na sonraí fad agus cearta rochtana.
- (3) Stóráil bhuan – stórálfai na sonraí go léir a mhalartófar ar feadh shaolré an JIT – dhéanfaidh an ball/rannpháirtí a uaslódálann na sonraí cearta rochtana beachta ar na sonraí a shainiú. 'Comhad coiteann de chás-chomhad JIT a bheadh sa rogha seo.'

Cé go gceadaíonn na JITanna an chumarsáid dhíreach, an comhar agus an ghníomhaíocht chomhordaithe, is ar leithligh agus neamhspleách a bhíonn na himscrúduithe náisiúnta is bun leo. Níl sé beartaithe sa chreat dlíthiúil atá ann faoi láthair go bhféadfaí cáschomhad coiteann a chruthú chun cur le himscrúduithe náisiúnta. Dá bhrí sin, dhiúltaigh beagnach gach páirtí leasmhar an rogha stórála buaine (rogha 3). Go deimhin, dá gcruthófaí cáschomhad coiteann den sórt sin ardófaí ceisteanna tromchúiseacha a bhaineann le nósanna imeachta coiriúla i mBallstáit áirithe ós rud é nach gá go roinnfí faisnéis uile JIT i measc chomhaltaí uile an JIT. Is minic nach mbíonn rochtain ag imscrúdaitheoirí ó thír amháin ar an bhfaisnéis ábhartha uile ón imscrúdú ar an tír eile atá rannpháirteach sa JIT céanna.

Cé go raibh an tacaíocht chéanna i measc na gcleachtóirí ag an dá rogha eile, is é rogha tosaíochta an fheidhm uaslódála/íoslódáile shoiléir a sholáthar don ardán (rogha 1). Chuirfeadh an fheidhm seo cosc ar úsáideoirí ardáin na sonraí a fheiceáil sula n-íoslódálfar iad. Chuirfeadh sé cosc freisin ar aon stóráil lárnach sonraí malartaithe, i.e. dhéanfaí na sonraí a stóráil go lárnach go dtí go ndéanfaidh an páirtí eile iad a íoslódáil, ach ar feadh ceithre seachtaine ar a mhéad. Ba é an chúis ba mhó a bhí leis sin go mbeadh comhchomhad sealadach ar a laghad mar thoradh ar aon stóráil sonraí oibríochtúla, a théann thar cheanglas teicniúil maidir lena seoladh ó pháirtí go páirtí eile, agus go bhféadfadh ar a laghad comhchomhad sealadach a bheith mar thoradh uirthi agus go bhféadfaí ceisteanna leantacha a dhéanamh. Mar shampla, iarratais ar rochtain ar an gcomhad sin. Níor cheart, áfach, go n-athródh an ionstraim seo na himscrúduithe ar leith ná na comhaid náisiúnta ar leithligh, a bhfuil feidhm ag na rialacha náisiúnta faoi seach maidir leo fós.

Cé go gcoiscfeadh an easpa stórála lárnaí feidhmeanna teicniúla éagsúla breise a áireamh ar an ardán, e.g. comhéadan le huirlis anailíse coireachta, uirlis chuardaigh, téacs chuig tiontaire cainte, óráid chuig tiontaire téacs, Aitheantas Optúil Carachtar, etc., bhí páirtithe leasmhara den tuairim go ndéanfaidh na feidhmeanna sin dubailt ar na huirlisí atá curtha ar fáil cheana féin ag gníomhaireachtaí eile (Europol go príomha). Ní mór a chur in iúl go láidir freisin go ndéanfaí roinnt faisnéise bunúsaí a stóráil go lárnach, fiú amháin in éagmais stóráil lárnach faisnéise agus fianaise, chun go mbeadh baill JIT in ann na sonraí malartaithe a rianú.

- **Bailiú agus úsáid saineolais**

Tá an togra bunaithe ar thorthaí an staidéir ar Cheartas Coiriúil Digiteach¹⁴. Rinneadh athbhreithniú sa staidéar ar na riachtanais agus ar na roghanna maidir le ‘tionscadal trasteorann um cheartas coiriúil digiteach a chruthú,’ éiceachóras TF atá tapa, iontaofa agus slán chun cur ar chumas na n-údarás náisiúnta ionchúisimh i mBallstáit idirghníomhú lena gcontrapháirtithe náisiúnta, lena ngníomhaireachtaí Ceartais agus Gnóthaí Baile (CGB) agus lena gcomhlachtaí an Aontais i réimse CGB.

- **Measúnú tionchair**

Ní dhearnadh aon mheasúnú tionchair, ós rud é nach bhfuil sé d’aidhm ag an togra ach réiteach teicniúil a bhunú a thacóidh le feidhmiú JIT, gan athrú a dhéanamh ar na príomhphrionsabail a thacaíonn leis na creataí dlíthiúla chun JIT a bhunú.

Tá doiciméad inmheánach oibre de chuid an Choimisiúin¹⁵ ag gabháil leis an togra, doiciméad ina bhfuil tuairisc mhionsonraithe ar an bhfadhb agus ina leagtar amach cuspóirí an togra. Déanann sé anailís freisin ar an réiteach atá beartaithe i bhfianaise a éifeachtachta, léiríonn sé buntáistí an tionscnaimh agus an tionchar a d’fhéadfadh a bheith aige ar chearta bunúsacha.

Mínítear sa doiciméad inmheánach oibre go bhfuiltear ag súil go mbeidh an comhar laistigh de JITanna níos éifeachtúla agus níos éifeachtaí de bharr bhunú an ardáin. Is é is aidhm d’fheidhmiúlachtaí uile an ardáin amach anseo, ag tosú leis na huirlisí cumarsáide, trí mheicníochtaí sonraí a mhalartú, do bhainistiú comhoibríoch JITanna, am agus costas na ndaoine sin a bhfuil baint acu le JITanna a laghdú. Cé go bhfuil siad deonach, meastar go ndéanfaidh cleachtóirí luach breise an ardáin a bhaint amach go tapa agus go n-úsáidfí siad é go córasach i gcásanna trasteorann. Leis an ardán, d’fhéadfaí dlús a chur leis an sreabhadh faisnéise i measc a úsáideoirí, chuirfí le slándáil na sonraí malartaithe agus chuirfí leis an trédhearcacht. Ina theannta sin, táthar ag súil le tionchair ar shimpliú agus ar ualaí riaracháin. Dá bhrí sin, chuirfeadh feidhmiú níos éifeachtúla JITanna feabhas ar an gcomhar foriomlán idir na Ballstáit maidir le coireacht trasteorann a imscrúdú agus a ionchúiseamh.

- **Ceartha bunúsacha**

Níltear ag súil le haon tionchar mór ar chearta bunúsacha, toisc nach n-athrófaí an bunús dlí do mhalartú faisnéise agus fianaise laistigh de JIT. Mar sin féin, mar a mhínítear ar bhealach níos mionsonraithe thíos, comhlíonfaidh an réiteach atá beartaithe na ceartha bunúsacha agus na saoirsí bunúsacha a chumhdaítear, go háirithe, i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh¹⁶, lena n-áirítear an ceart go ndéanfar sonraí pearsanta a chosaint. I ndáil leis an méid sin, comhlíonfar leis freisin an Coinbhinsiún Eorpach chun Cearta an Duine agus Saoirsí Bunúsacha a Chosaint, an Cúnant Idirnáisiúnta ar Chearta Sibhialta agus Polaitiúla, agus oibleagáidí eile maidir le ceartha an duine faoin dlí idirnáisiúnta.

Ós rud é go mbeadh próiseáil sonraí pearsanta i gceist le bunú an ardáin ar leibhéal an Aontais, ní mór coimircí iomchuí maidir le cosaint sonraí a chur i bhfeidhm. Leis an ardán chomhlíonfaí go hiomlán rialacha an Aontais maidir le cosaint sonraí i dtaca le dlíthiúlacht faisnéis agus fianaise a mhalartú. Bheadh feidhm ag Treoir (AE) 2016/680 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le próiseáil sonraí pearsanta ag na húdaráis náisiúnta

¹⁴ Ceartas Coiriúil Digiteach Trasteorann, an tuarascáil deiridh, <https://op.europa.eu/ga/publication-detail/-/publication/e38795b5-f633-11ea-991b-01aa75ed71a1/language-ga>.

¹⁵ doiciméad inmheánach oibre (2021)390

¹⁶ IO C 326, 26.10.2012, lch. 391-407.

inniúla chun cionta coiriúla a chosc, a imscrúdú, a bhrath nó a ionchúiseamh nó chun pionóis choiriúla a fhorghníomhú, lena n-áirítear coimirciú a dhéanamh in aghaidh bagairtí don tslándáil phoiblí agus cosc a dhéanamh ar na bagairtí sin. Bheadh feidhm freisin ag Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí. Bheadh ar na coimircí dlíthiúla sin a bheith ag lú leis an gcur chuige maidir le cosaint sonraí do JITanna leis na rialacha reatha maidir le cosaint sonraí, mar a mhol an Coimisiún an 20 Eanáir 2021¹⁷.

Maidir le comhpháirt láraithe an ardáin, i.e. an sásra uaslódála/íoslódála lenar féidir na sonraí oibríochtúla a stóráil go sealadach go dtí an tráth a íoslódálfar iad, meastar an tionchar ar chosaint sonraí a bheith teoranta ar na cúiseanna seo a leanas:

- is grúpa an-teoranta de dhaoine aonair atá mar chuid de spás comhoibrithe leithleach JIT a dhéanfaidh na sonraí pearsanta a mhalartú;
- is ar chúiseanna teicniúla amháin a dhéanfaí na sonraí pearsanta a stóráil go lárnach agus scríosfar iad a luaithe agus a íoslódálfadh na seoltaí uile iad;
- ceithre seachtaine ar a mhéad a bheadh sa tréimhse choinneála agus chuirfí i bhfeidhm go huathoibríoch í;
- bheadh malartú sonraí pearsanta teoranta chun freastal ar an gcuspóir dá bhfuarthas iad;
- ní bheadh rochtain ag eu-LISA ar na sonraí agus chomhlíonfadh sé ról an phróiseálaí sonraí;
- bheadh údar le rialaitheoir sonraí ar leith maidir le gach eintiteas a uaslódálann na sonraí pearsanta, seachas tríú tíortha;
- i gcás malartuithe sonraí pearsanta a cháilíonn mar aistrithe idirnáisiúnta chuig tríú tíortha ar cuid de JIT ar leith iad, bheadh bunús dlí i gcónaí ag teastáil i ndlí an Aontais nó i ndlí Ballstáit is infheidhme maidir le haistrithe den sórt sin;
- maidir le sonraí pearsanta arna n-uaslódáil chuig spás comhoibrithe JIT ag tríú tíortha, bheadh sé faoi chúram riarthóir spáis JIT ar ghá dó na sonraí sin a sheiceáil sular féidir le húsáideoirí eile iad a íoslódáil.

4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Tá sé beartaithe go dtabhóidh an togra le haghaidh Rialacháin lena mbunaítear an t-ardán na costais seo a leanas:

- an t-ardán a fhorbairt – an costas aonuaire a tabhaíodh le haghaidh eu-LISA;
- cothabháil agus oibriú teicniúil an ardáin – an costas athfhillteach a thabhaítear do eu-LISA;
- forbairt ar na hoiriúnuithe teicniúla is gá ar na córais TF ábhartha arna n-óstáil ag Eurojust, i.e. maoiniú JITanna, meastóireacht JITanna agus limistéar srianta JITanna chun iad a chomhtháthú go páirteach leis an ardán – an costas aonuaire a tabhaíodh do Eurojust;

¹⁷ COM (2021) 21 Críochnaitheach – Togra le haghaidh TREOIR Ó PHARLAIMINT NA HEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Treoir 2014/41/AE, a mhéid a bhaineann lena hailíniú le rialacha an Aontais maidir le cosaint sonraí pearsanta.

- cothabháil theicniúil agus oibríochtaí maidir le hoiriúnú na gcóras TF arna n-óstáil ag Eurojust – an costas athfhillteach arna thabhtú do Eurojust;
- tacaíocht riaracháin d'úsáideoirí an ardáin thar ceann riarthóir spáis JIT – an costas athfhillteach a thabhaítear do Eurojust (Ardrúnaíocht JIT).

A mhéid a bhaineann le rochtain na mBallstát ar an ardán, ní shamhlaítear aon chostais theicniúla mar gheall ar chineál gréasán-bhunaithe chomhpháirt láraithe an ardáin. Ní bheadh aon oiriúnuithe ar an mbonneagar teicniúil náisiúnta ag teastáil. Is amhlaidh atá i gcás na mbogearraí cumarsáide, nach gá ach iad a íoslódáil ar gach gléas úsáideoirí ardán JIT. Bheadh na prionsabail chéanna mar bhonn le rochtain ar an ardán do chomhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí inniúla an Aontais agus ní thabhtófaí aon chostais dóibh.

Mínítear go mion na costais a bheidh ar eu-LISA agus ar Eurojust sa ráiteas airgeadais dlíthiúil a ghabhann leis. San iomlán, bheadh na hacmhainní airgeadais agus daonna seo a leanas de dhíth ar eu-LISA chun ardán comhoibrithe JITanna a fhorbairt, a chothabháil agus a oibriú:

- costas tógála aonuaire – EUR 8.4 milliún;
- costas bliantúil cothabhála agus oibríochta – EUR 1.7 milliún;
- foireann – 4 TA FTE ó 2024, 4 FTE TA amhail ó 2025 agus 2 CA FTE amhail ó 2026 (10 san iomlán).

Na costais a bhaineann le eu-LISA chun an t-ardán a óstáil ar a shuíomh oibríochtúil in Strasbourg/an Fhrainc agus ar an suíomh cúltaca in Sankt Johann/an Ostair.

San iomlán, bheadh na hacmhainní airgeadais agus daonna seo a leanas ag teastáil ó Eurojust (lena n-áirítear Rúnaíocht JIT):

- chun na hoiriúnuithe theicniúla riachtanacha ar chórais TF Eurojust a fhorbairt agus a oibriú, i.e. maoiniú JITanna, meastóireacht JITanna agus limistéar srianta JITanna, d'fhonn iad a chomhtháthú i bpáirt leis an ardán: EUR 0.250 milliún in 2025 (aonuaire) agus 1 FTE – próifíl theicniúil – ó 2025 ar aghaidh;
- tacaíocht riaracháin Rúnaíocht JIT d'úsáideoirí an ardáin thar ceann riarthóir spáis JIT (na riarthóirí spáis JIT): 2 FTE ó 2026 ar aghaidh.

D'iompródh buiséad ginearálta an Aontais na costais sin agus ba ghá iad a léiriú i mbuiséad an dá ghníomhaireacht.

5. EILIMINTÍ EILE

- **Pleananna cur chun feidhme, agus socruithe faireacháin, meastóireachta agus tuairiscithe**

Tá sé ríthábhachtach faireachán agus meastóireacht a dhéanamh ar fhorbairt agus ar fheidhmiú teicniúil ardán comhoibrithe JITanna agus cuirfear i bhfeidhm é trí na prionsabail a leagtar amach sa chur chuige coiteann maidir le gníomhaireachtaí díláraithe¹⁸ a leanúint.

18

https://europa.eu/european-union/sites/default/files/docs/body/joint_statement_and_common_approach_2012_ga.pdf.

A luaithe a chuirfear bailchríoch ar fhorbairt ardán comhoibrithe JITanna, cuirfidh eu-LISA tuarascáil faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle ina míneofar an chaoi ar baineadh amach na cuspóirí, go háirithe i dtaca le pleanáil agus costais.

Dhá bhliain tar éis d'ardán comhoibrithe JITanna tosú agus gach bliain ina dhiaidh sin, cuirfidh eu-LISA tuarascáil ar fheidhmiú teicniúil ardán comhair na JITanna, lena n-áirítear slándáil ardán comhair na JITanna, faoi bhráid an Choimisiúin.

Ceithre bliana tar éis d'ardán comhoibrithe na JITanna tosú agus gach ceithre bliana ina dhiaidh sin, déanfaidh an Coimisiún meastóireacht fhoriomlán ar ardán comhoibrithe na JITanna. Seolfaidh an Coimisiún an tuarascáil mheastóireachta chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle.

- **Míniúchán mionsonraithe ar fhorálacha sonracha an togra**

Caibidil I Forálacha ginearálta

In *Airteagal 1* leagtar amach ábhar an Rialacháin. Is ardán TF láraithe ar leibhéal an Aontais é ‘Ardán comhoibrithe JITanna’ dóibh siúd atá páirteach i JITanna chun comhoibriú, cumarsáid shlán a dhéanamh eatarthu féin, agus faisnéis agus fianaise a roinnt. Leagtar síos leis an Rialachán freisin rialacha maidir le freagrachtaí a roinnt idir úsáideoirí ardáin comhoibrithe JITanna agus eu-LISA, an eagraíocht atá freagrach as ardán comhoibrithe na JITanna a fhorbairt agus a chothabháil. Leagtar amach ann na coinníollacha faoina bhféadfar rochtain a thabhairt d’úsáideoirí ardáin chomhoibrithe JIT ar spás comhoibrithe JIT. Leagtar síos leis freisin forálacha sonracha cosanta sonraí a bhfuil gá leo chun na socruithe maidir le cosaint sonraí atá ann cheana a fhorlíonadh agus chun foráil a dhéanamh maidir le leibhéal leordhóthanach foriomlán cosanta sonraí, slándála sonraí agus cosaint chearta bunúsacha na ndaoine lena mbaineann.

In *Airteagal 2* sainítear raon feidhme an Rialacháin. Tá feidhm ag an Rialachán maidir le próiseáil faisnéise, lena n-áirítear sonraí pearsanta, i gcomhthéacs JIT. Áirítear leis sin faisnéis oibríochtúil agus fianaise chomh maith le faisnéis neamhoibríochtúil a mhalartú agus a stóráil. Cumhdaítear leis an Rialachán seo céimeanna oibríochtúla agus iar-oibríochtúla JIT, ag tosú ón nóiméad a shíneoidh a chomhaltaí an comhaontú ábhartha JIT.

In *Airteagal 3* sainítear na téarmaí a úsáidtear sa Rialachán.

In *Airteagal 4* déantar cur síos ar ailtireacht theicniúil ardán comhoibrithe na JITanna. Ní mór d’ardán comhoibrithe na JITanna a bheith comhdhéanta de chóras láraithe faisnéise, lenar féidir sonraí lárnacha a stóráil go sealadach; bogearraí cumarsáide lenar féidir sonraí cumarsáide a stóráil go háitiúil; Agus nasc idir an córas láraithe faisnéise agus uirlisí TF ábhartha, lena dtacaítear le feidhmiú JITanna, arna n-óstáil ag Eurojust agus arna mbainistiú ag Rúnaíocht JIT agus.

In *Airteagal 5* leagtar amach cuspóir ardán comhoibrithe na JITanna chun comhordú agus bainistiú laethúil JIT a éascú; malartú faisnéise oibríochtúla agus fianaise oibríochtúil; cumarsáid shlán; inrianaitheacht fianaise; agus meastóireacht ar JIT. Is é eu-LISA a dhéanfaidh an córas faisnéise láraithe a óstáil ar a shuíomhanna teicniúla.

Caibidil II: Forbairt agus bainistiú oibríochtúil

In *Airteagal 6* tugtar cumhachtaí cur chun feidhme don Choimisiún chun coinníollacha a bhunú le haghaidh fhorbairt theicniúil agus chur chun feidhme ardán comhoibrithe na JITanna. Ba cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh 182/2011. Is é an nós imeachta coiste a roghnaíodh an nós imeachta scrúdúcháin. Déanann Airteagal 25 forlíonadh ar Airteagal 6 maidir leis an nós imeachta sin a bhunú.

Le h*Airteagal 7* tugtar do eu-LISA an cúram ardán comhoibrithe JITanna a cheapadh, a fhorbairt agus a oibriú, i bhfianaise na taithí atá aige córais mhórsála a bhainistiú i réimse an cheartais agus na ngnóthaí baile. Ba cheart sainordú eu-LISA a leasú chun na cúraimí nua sin a léiriú. Ba cheart an cistiú agus an fhoireann iomchuí a bheith ag eu-LISA chun a fhreagrachtaí faoin Rialachán seo a chomhlíonadh.

Le h*Airteagal 8* ceanglaítear ar na Ballstáit socruithe teicniúla a chur i bhfeidhm ionas go mbeidh a n-údaráis inniúla in ann rochtain a fháil ar ardán comhoibrithe na JITanna i gcomhréir leis an Rialachán seo.

Luaitear in *Airteagal 9* nach mór do na comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí inniúla de chuid an Aontais socruithe teicniúla a chur i bhfeidhm ionas go mbeidh siad in ann rochtain a fháil ar ardán comhoibrithe na JITanna i gcomhréir leis an Rialachán seo. Ina theannta sin, tá Eurojust freagrach as oiriúnú teicniúil a chórais chun nasc a bhunú idir an córas faisnéise láraithe agus uirlisí TF ábhartha, lena dtacaítear le feidhmiú JITanna agus arna mbainistiú ag Rúnaíocht JIT, i gcomhréir le h*Airteagal 4(c)*.

Sainítear in *Airteagal 10* sainordú, comhdhéanamh agus gnéithe eagrúcháin Bhord Bainistíochta an Chláir a bhunóidh Bord Bainistíochta eu-LISA. Ní mór don Bhord seo Bainistíochta an Chláir bainistiú leordhóthanach a dhéanamh ar chéim deartha agus forbartha ardán comhoibrithe JITanna.

Sainítear in *Airteagal 11* sainordú, comhdhéanamh agus gnéithe eagrúcháin Grúpa Chomhairligh a bhunóidh eu-LISA. Cuirfidh an Grúpa Comhairleach saineolas ar fáil a bhaineann le hardán comhoibrithe na JITanna, go háirithe i gcomhthéacs a chlár oibre bliantúil agus a thuarascáil bhliantúil ar ghníomhaíochtaí a ullmhú.

Caibidil III: Rochtain ar ardán comhoibrithe na JITanna

Le h*Airteagal 12* rialaítear rochtain údaráis inniúla na mBallstát ar spásanna comhoibrithe JIT. Nuair a bheidh comhaontú JIT sínithe, ní mór spás comhoibrithe JIT a chruthú laistigh d'ardán comhoibrithe JIT do gach JIT. Ní mór do riarthóir spáis JIT spás comhoibrithe JIT a oscailt le tacaíocht theicniúil ó eu-LISA. Bunaithe ar chomhaontú JIT, ní mór do riarthóir spáis JIT na cearta rochtana ar spás comhoibrithe JIT a shainiú.

Luaitear in *Airteagal 13* go bhféadfaidh riarthóir spáis JIT (na riarthóirí spáis JIT) a chinneadh rochtain ar spásanna comhoibrithe JIT a dheonú do chomhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí inniúla an Aontais chun go mbeidh siad in ann a gcúraimí reachtúla a chomhlíonadh.

Luaitear in *Airteagal 14* go bhféadfaidh riarthóir spáis JIT (na riarthóirí spáis JIT) a chinneadh rochtain ar spásanna comhoibrithe JIT a thabhairt do thríú tíortha a shíniú comhaontú ar leith JIT, chun críche Airteagal 5. Ní mór do riarthóir spáis JIT a áirithiú go mbeidh malartuithe faisnéise oibríochtúla le tríú tíortha dár tugadh rochtain ar spás

comhoibrithe JIT teoranta do chuspóir agus faoi réir choinníollacha chomhaontú JIT. Ní mór do na Ballstáit a áirithiú nach n-aistrefar sonraí pearsanta chuig tríú tíortha ar tugadh rochtain dóibh ar spás comhoibrithe JIT ach amháin nuair a chomhlíontar na coinníollacha a leagtar síos i gCaibidil V de Threoir 2016/680.

Caibidil IV: Urrús agus dliteanas

Le hAirteagal 15 ceanglaítear ar eu-LISA na bearta teicniúla agus eagraíochtúla is gá a dhéanamh chun slándáil ardán comhoibrithe na JITanna agus slándáil na sonraí laistigh d'ardán comhoibrithe na JITanna a áirithiú.

In Airteagal 16 déantar tagairt do dhliteanas na mBallstát nó na gcomhlachtaí, na n— oifigí nó na ngníomhaireachtaí inniúla de chuid an Aontais agus d'éilimh ar chúiteamh ina gcoinne.

Caibidil V: Cosaint sonraí

Le hAirteagal 17 rialaítear an tréimhse choinneála i gcomhair sonraí oibríochtúla a stóráil, mar a shainmhínítear in Airteagal 3. Ní mór na sonraí oibríochtúla sin a stóráil sa chóras faisnéise láraithe a fhad agus is gá chun go gcríochnóidh gach úsáideoir an próiseas íoslódála. Ní rachaidh an tréimhse choinneála thar cheithre seachtaine. Ar dhul in éag don tréimhse choinneála sin, ní mór an taifead sonraí a scríosadh go huathoibríoch ón gcóras láraithe.

Le hAirteagal 18 rialaítear an tréimhse choinneála do stóráil na sonraí neamhoibríochtúla, mar atá sainmhínithe in Airteagal 3. Ní mór sonraí neamhoibríochtúla a stóráil sa chóras faisnéise láraithe go dtí go mbeidh an mheastóireacht curtha i gcrích. Ní rachaidh an tréimhse choinneála thar chúig bliana. Ar dhul in éag don tréimhse choinneála sin, ní mór an taifead sonraí a scríosadh go huathoibríoch ón gcóras láraithe.

Is le hAirteagal 19 a rialaítear na rialaitheoirí sonraí agus an próiseálaí sonraí. Maidir le gach údarás inniúil náisiúnta i mBallstát, agus i gcás inarb iomchuí, Eurojust, Europol, Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh, OLAF nó aon chomhlacht, oifig nó gníomhaireacht inniúil eile de chuid an Aontais, measfar gur rialaitheoirí sonraí iad i gcomhréir le rialacha cosanta sonraí an Aontais is infheidhme maidir le sonraí pearsanta a phróiseáil faoin Rialachán seo. measfar eu-LISA a bheith ina phróiseálaí sonraí i gcomhréir le Rialachán (AE) 2018/1725 maidir leis na sonraí pearsanta a mhalartaítear trí ardán comhair na JITanna agus a stóráiltear ann. I gcás ina ndéanann tríú tír faisnéis oibríochtúil nó fianaise a uaslódáil chuig ardán comhoibrithe JIT, ní mór do riarthóir spáis JIT an fhaisnéis nó an fhianaise sin a ghrinnscrúdú sular féidir le húsáideoirí ardáin eile í a íoslódáil.

Le hAirteagal 20 cuirtear teorainn leis na cuspóirí a bhaineann le próiseáil sonraí pearsanta arna n-iontráil in ardán comhoibrithe na JITanna. Ní mór na sonraí sin a phróiseáil chun faisnéis oibríochtúil agus fianaise a mhalartú idir úsáideoirí an ardáin agus chun sonraí neamhoibríochtúla a mhalartú idir úsáideoirí ardáin chomhoibritheacha chun an JIT a bhainistiú. Ní mór rochtain ar ardán comhoibrithe na JITanna a theorannú do bhaill foirne údaráithe údaráis inniúla na mBallstát agus údaráis tríú tíortha, Eurojust, Europol Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh, OLAF agus comhlachtaí, oifigí nó gníomhaireachtaí inniúla eile de chuid an Aontais. Ní mór an rochtain a bheith teoranta freisin a mhéid is gá chun na cúraimí a chomhlíonadh i gcomhréir leis an gcuspóir dá dtagraítear i mír 1 d'Airteagal 20, agus ní mór dó a bheith riachtanach agus comhréireach leis na cuspóirí atá á saothrú.

Rialaítear le hAirteagal 21 logaí a choinneáil. Luaitear ann nach mór do eu-LISA a áirithiú go ndéanfar rochtain ar an gcóras faisnéise láraithe agus ar gach oibríocht próiseála sonraí sa

chóras faisnéise láraithe a logáil chun inghlacthacht na n-iarrataí a sheiceáil, chun faireachán a dhéanamh ar shláine agus slándáil sonraí agus ar dhlíthiúlacht na próiseála sonraí agus chun féinfhaireachán a dhéanamh.

Caibidil VI: Forálacha críochnaitheacha

In *Airteagal 22* leagtar amach tuairisciú eu-LISA agus an Choimisiúin agus athbhreithniú ar oibleagáidí tuairiscithe eu-LISA agus an Choimisiúin. Ceithre bliana tar éis thús oibríochtaí ardán comhoibrithe JIT agus gach 4 bliana ina dhiaidh sin, déanfaidh an Coimisiún meastóireacht fhoriomlán ar ardán comhoibrithe na JITanna.

Luaitear in *Airteagal 23* nach mór do bhuiséad ginearálta an Aontais na costais arna dtabhú chun ardán comhoibrithe JITanna a bhunú agus a oibriú a íoc.

Leagtar amach in *Airteagal 24* na coinníollacha is gá a chomhlíonadh sula gcinneann an Coimisiún an dáta a gcuirfear tús le hoibríochtaí ardán comhoibrithe JITanna.

Rialaíonn *Airteagal 25* an nós imeachta coiste atá le húsáid, arna bhunú ar fhoráil chaighdeánach.

Rialaítear le h*Airteagal 26* na leasuithe ar Rialachán (AE) 2018/1726 maidir le freagrachtaí agus cúraimí nua eu-LISA.

Foráiltear in *Airteagal 27* go dtiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Togra le haghaidh

RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

lena mbunaítear ardán comhair chun tacú le feidhmiú na bhFoirne Comhpháirteacha um Imscrúdú agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2018/1726

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 82(1), pointe (d) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Tá sé leagtha síos mar chuspóir ag an Aontas comhlimistéar saoirse, slándála agus ceartais a chur ar fáil dá shaoránaigh, gan teorainneacha inmheánacha, ina n-áirítear saorghluaiseacht daoine. Ag an am céanna, ní mór don Aontas a áirithiú go leanfaidh an comhlimistéar de bheith ina áit shábháilte. Ní féidir an cuspóir sin a bhaint amach ach trí úsáid a bhaint as bearta iomchuí chun an choireacht a chosc agus a chomhrac, lena n-áirítear an choireacht eagraithe agus an sceimhlitheoireacht.
- (2) Tá sé sin thar a bheith dúshlánach i gcás ina mbíonn gné thrasteorann ag baint leis an gcoireacht ar chríoch roinnt Ballstát agus/nó tríú tíortha. Sna cásanna sin, ní mór do na Ballstáit a bheith in ann dul i gcomhar lena bhfórsaí agus lena n-oibriúcháir chun imscrúduithe agus ionchúisimh trasteorann éifeachtacha agus éifeachtúla a cheadú a bhfuil malartú faisnéise agus fianaise rithábachtach ina leith. Ceann de na huirlisí is rathúla don chomhar trasteorann sin is ea na Foirne Comhpháirteacha um Imscrúdú a cheadaíonn comhar díreach agus cumarsáid dhíreach idir na húdaráis bhreithiúnacha agus na húdaráis forfheidhmithe dlí i roinnt Ballstát agus b'fhéidir i dtríú tíortha, chun a gcuid gníomhaíochtaí agus imscrúduithe a eagrú ar an mbealach is éifeachtúla is féidir. Déanann údaráis inniúla dhá Bhallstát nó níos mó agus b'fhéidir údaráis inniúla tríú tíortha Foirne Comhpháirteacha um Imscrúdú a bhunú le haghaidh cuspóir sonrach agus tréimhse ama teoranta chun imscrúduithe coiriúla a bhfuil tionchar trasteorann acu a dhéanamh go comhpháirteach.
- (3) Déanann *aquis* an Aontais foráil maidir le dhá chreat dhlíthiúla chun Foirne Comhpháirteacha um Imscrúdú a bhunú a mbeidh dhá Bhallstát ar a laghad rannpháirteach iontu: Cinneadh Réime 2002/465/CGB ón gComhairle¹⁹ agus Airteagal 13 den Choinbhinsiún um Chúnamh Frithpháirteach in Ábhair Choiriúla idir Ballstáit an Aontais Eorpaigh, arna bhunú ag an gComhairle i gcomhréir le hAirteagal

¹⁹ Cinneadh Réime 2002/465/CGB ón gComhairle an 13 Meitheamh 2002 maidir le foirne comhpháirteacha um imscrúdú (IO L 162, 20.6.2002, lch. 1).

34 den Chonradh ar an Aontas Eorpach²⁰. Féadfaidh tríú tíortha a bheith rannpháirteach mar pháirtithe i bhFoirne Comhpháirteacha um Imscrúdú i gcás ina bhfuil bunús dlí leis an rannpháirtíocht sin, amhail Airteagal 20 den Dara Prótacal Breise a ghabhann le Coinbhinsiún Chomhairle na hEorpa 1959²¹ agus Airteagal 5 den Chomhaontú maidir le Cúnamh Dlíthiúil Frithpháirteach idir an tAontas Eorpach agus Stáit Aontaithe Mheiriceá²².

- (4) Sna creataí dlíthiúla atá ann cheana ar leibhéal an Aontais, ní leagtar amach conas a dhéanann na heintitis atá rannpháirteach i bhFoirne Comhpháirteacha um Imscrúdú faisnéis a mhalartú agus cumarsáid a dhéanamh. Tagann na heintitis sin ar chomhaontú maidir le malartú agus cumarsáid den sórt sin ar bhonn na riachtanas agus na modhanna atá ar fáil. Mar sin féin, níl bealach tiomnaithe slán agus éifeachtach ann a bhféadfadh na rannpháirtithe uile leas a bhaint as agus trína bhféadfaidís méideanna móra faisnéise agus fianaise a mhalartú go pras nó cumarsáid shlán agus éifeachtach a cheadú. Ina theannta sin, níl aon chóras ann a thacódh le bainistiú laethúil Foirne Comhpháirteacha um Imscrúdú, lena n-áirítear inrianaitheacht na fianaise a mhalartaítear i measc na rannpháirtithe.
- (5) I bhfianaise an mhéadaithe atá tagtha ar an bhféidearthacht go bhfaighidh coirpigh rochtain ar chórais Teicneolaíochta Faisnéise (TF), d'fhéadfadh an staid reatha bac a chur ar éifeachtacht agus ar éifeachtúlacht imscrúduithe trasteorann agus na himscrúduithe agus ionchúisimh sin a chur i mbaoil agus a mhoilliú, rud a d'fhágfadh go mbeadh siad níos costasaí. Ní mór do na breithiúna agus do na húdaráis forghníomhaithe dlí, go háirithe, a áirithiú go mbeidh a gcórais chomh sábháilte agus is féidir agus gur féidir le comhaltaí uile na bhFoirne Comhpháirteacha um Imscrúdú nascadh agus idirghníomhú go héasca, go neamhspleách ar a gcórais náisiúnta.
- (6) D'fhéadfaí luas agus éifeachtúlacht na malartuithe idir na heintitis atá rannpháirteach i bhFoirne Comhpháirteacha um Imscrúdú a fheabhsú go mór trí ardán tiomnaithe TF a chruthú chun tacú lena bhfeidhmiú. Dá bhrí sin, is gá rialacha a leagan síos lena mbunófar ardán láraithe TF ('ardán comhair Foirne Comhpháirteacha um Imscrúdú') ar leibhéal an Aontais chun cabhrú le Foirne Comhpháirteacha um Imscrúdú comhoibriú, cumarsáid shlán a dhéanamh agus faisnéis agus fianaise a roinnt.
- (7) Níor cheart ardán comhair na bhFoirne Comhpháirteacha um Imscrúdú a úsáid ach amháin i gcás ina bhfuil ceann amháin de bhunús dlí an Aontais, i measc bunús dlí, ina bhunús dlí don Fhoireann Chomhpháirteach um Imscrúdú. Maidir le gach Foireann Chomhpháirteach um Imscrúdú atá bunaithe go huile agus go hiomlán ar bhunús dlí idirnáisiúnta, níor cheart an t-ardán, a maoiníodh le buiséad an Aontais agus a forbraíodh ar bhonn reachtaíocht an Aontais, a úsáid. Mar sin féin, i gcás ina bhfuil tríú tír mar chuid de chomhaontú maidir le Foireann Chomhpháirteach um Imscrúdú ina liostaítear ceann amháin de bhunús dlí an Aontais seachas ceann idirnáisiúnta, ba cheart a húdaráis inniúla a mheas mar chomhaltaí d'Fhoireann Chomhpháirteach um Imscrúdú.
- (8) Ba cheart úsáid ardán comhair na bhFoirne Comhpháirteacha um Imscrúdú a bheith ar bhonn deonach. Mar sin féin, i bhfianaise an bhreisluacha a bhaineann leis ó thaobh imscrúduithe trasteorann de, moltar go láidir é a úsáid. Níor cheart go ndéanfaidh úsáid nó neamhúsáid ardán comhair na bhFoirne Comhpháirteacha um Imscrúdú dochar ná

²⁰ IO C 197, 12.7.2000, lch. 3.

²¹ CET Uimh. 182

²² IO L 181, 19.7.2003, lch. 34.

difear do dhlíthiúlacht cineálacha eile cumarsáide nó malartaithe faisnéise agus níor cheart go n-athródh sé sin an chaoi a ndéantar na Foirne Comhpháirteacha um Imscrúdú a bhunú, a eagrú nó a fheidhmiú. Níor cheart go mbeadh tionchar ag bunú ardán comhair na bhFoirne Comhpháirteacha um Imscrúdú ar bhunús dlí bhunúsacha na bhFoirne Comhpháirteacha um Imscrúdú ná ar an reachtaíocht náisiúnta nós imeachta is infheidhme maidir le bailiú agus úsáid na fianaise a fhaightear. Níor cheart don ardán uirlis shlán TF a sholáthar ach amháin chun feabhas a chur ar chomhar agus ar éifeachtacht na bhFoirne Comhpháirteacha um Imscrúdú.

- (9) Ba cheart go gclúdódh ardán comhair na bhFoirne Comhpháirteacha um Imscrúdú na céimeanna oibríochtúla agus iar-oibríochtúla d'Fhoireann Chomhpháirteach um Imscrúdú, ag tosú ón nóiméad a shíneoidh a chomhaltaí an comhaontú ábhartha maidir le Foireann Chomhpháirteach um Imscrúdú, agus ag críochnú a luaithe a bheidh deireadh leis an meastóireacht ar an bhFoireann Chomhpháirteach um Imscrúdú. Ós rud é nach ionann na gníomhaithe atá rannpháirteach i bpróiseas bunaithe na Foirne Comhpháirtí um Imscrúdú agus na gníomhaithe atá ina gcomhaltaí den Fhoireann Chomhpháirteach um Imscrúdú nuair a bheidh sé bunaithe, níor cheart go ndéanfadh ardán comhair na bhFoirne Comhpháirteacha um Imscrúdú bainistiú ar an bpróiseas chun an comhaontú maidir le Foireann Chomhpháirteach um Imscrúdú a bhunú, go háirithe maidir le caibidlíocht a dhéanamh ar an ábhar agus an comhaontú maidir le Foireann Chomhpháirteacha um Imscrúdú a shíniú. Mar sin féin, nuair a bheidh gá le huirlis leictreonach chun tacú leis an bpróiseas chun Foireann Chomhpháirteach um Imscrúdú a chlárú, ba cheart don Choimisiún smaoineamh ar an bpróiseas sin a chumhdach leis an gCóras r-Fhianaise um Malartú Digiteach (eEDES).
- (10) Maidir le gach Foireann Chomhpháirteach um Imscrúdú a bhaineann úsáid as ardán comhair na bhFoirne Comhpháirteacha um Imscrúdú, ba cheart baill na Foirne Comhpháirtí um Imscrúdú a spreagadh chun meastóireacht a dhéanamh ar an bhFoireann Chomhpháirteach um Imscrúdú, le linn chéim oibríochtúil na Foirne Comhpháirtí um Imscrúdú nó i ndiaidh clabhsúr a chur léi, trí úsáid a bhaint as na huirlisí atá curtha ar fáil ag ardán comhair na bhFoirne Comhpháirteacha um Imscrúdú.
- (11) Ba cheart an comhaontú maidir le Foireann Chomhpháirteach um Imscrúdú a bheith ina réamhriachtanas chun ardán comhair na bhFoirne Comhpháirteacha um Imscrúdú a úsáid. Ba cheart inneachar gach comhaontaithe maidir le Foireann Chomhpháirteach um Imscrúdú a bheidh ann amach anseo a oiriúnú chun forálacha ábhartha an Rialacháin seo a chur san áireamh.
- (12) Ó thaobh na hoibríochta de, ba cheart ardán comhair na bhFoirne Comhpháirteacha um Imscrúdú a bheith comhdhéanta de spásanna comhair leithlisithe a chruthaítear le haghaidh na bhFoirne Comhpháirteacha um Imscrúdú aonair ar fad atá á n-óstáil ag an ardán.
- (13) Ó thaobh na teicneolaíochta de, ba cheart rochtain a bheith ar ardán comhair na bhFoirne Comhpháirteacha um Imscrúdú trí nasc slán ar an idirlíon agus ba cheart é a bheith comhdhéanta de chóras faisnéise láraithe a mbeadh rochtain air trí thairseach gréasáin, bogearraí cumarsáide le haghaidh gléasanna móibíleacha agus deisce, agus nasc idir an córas faisnéise láraithe agus uirlisí TF ábhartha, agus ba cheart go dtacódh sé le feidhmiú na bhFoirne Comhpháirteacha um Imscrúdú agus é a bheith á bhainistiú ag Rúnaíocht na Foirne Comhpháirtí um Imscrúdú.
- (14) Ba cheart é a bheith mar chuspóir ag ardán comhair na bhFoirne Comhpháirteacha um Imscrúdú comhordú agus bainistiú laethúil Foirne Comhpháirteacha um Imscrúdú a

éascú, malartú agus stóráil shealadach faisnéise agus fianaise oibríochtúil a áirithiú, cumarsáid shlán a chur ar fáil, foráil a dhéanamh maidir le hinrianaitheacht fianaise agus tacú leis an bpróiseas chun meastóireacht a dhéanamh ar Fhoireann Chomhpháirteach um Imscrúdú. Ba cheart gach eintiteas atá rannpháirteach i bhFoirne Comhpháirteacha um Imscrúdú a spreagadh chun leas a bhaint as feidhmiúlachtaí uile ardán comhair na bhFoirne Comhpháirteacha um Imscrúdú agus chun bealaí nua cumarsáide agus malartaithe sonraí a chur in ionad na mbealaí cumarsáide agus malartaithe sonraí atá in úsáid faoi láthair a mhéid is féidir.

- (15) Comhlánaíonn ardán comhair na bhFoirne Comhpháirteacha um Imscrúdú na huirlisí atá ann cheana lenar féidir sonraí a mhalartú ar bhealach slán idir údarais bhreithiúnacha agus forfheidhmithe dlí, amhail an Feidhmchlár Líonra um Malartú Slán Faisnéise (SIENA).
- (16) Ba cheart feidhmiúlachtaí cumarsáide ardán comhair na bhFoirne Comhpháirteacha um Imscrúdú a chur ar fáil le bogearraí lenar féidir cumarsáid neamh-inrianaithe a stóráiltear go háitiúil ar fheistí na n-úsáideoirí a dhéanamh.
- (17) Ba cheart feidhmiúlacht cheart lena féidir faisnéis agus fianaise oibríochtúil a mhalartú, lena n-áirítear comhaid mhóra, a áirithiú trí shásra uaslódála/íoslódála atá ceaptha chun na sonraí a stóráil go lárnach ar feadh na tréimhse teoranta ama is gá chun na sonraí a aistriú ar bhealach teicniúil agus ar feadh na tréimhse sin amháin. A luaithe a íoslódálann gach seoladh na sonraí, ba cheart iad a scríosadh go huathoibríoch ó ardán comhair na bhFoirne Comhpháirteacha um Imscrúdú.
- (18) I bhfianaise na taithí atá aici ar chórais mhórsála a bhainistiú i réimse an cheartais agus gnóthaí baile, ba cheart é a chur de chúram ar Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh chun Bainistiú Oibríochtúil a dhéanamh ar Chórais Mhórsála TF sa Limistéar Saoirse, Slándála agus Ceartais (eu-LISA) a bunaíodh le Rialachán (AE) 2018/1726 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle²³ ardán comhair na bhFoirne Comhpháirteacha um Imscrúdú a cheapadh, a fhorbairt agus a oibriú trí úsáid a bhaint as feidhmiúlachtaí SIENA atá ann cheana agus feidhmiúlachtaí eile Europol chun comhlántacht agus idir-inoibritheacht a áirithiú. Dá bhrí sin, ba cheart sainordú na Gníomhaireachta a leasú chun na cúraimí nua sin a léiriú agus ba cheart an cistiú agus an fhoireann iomchuí a sholáthar di chun a cuid freagrachtaí faoin Rialachán seo a chomhlíonadh. Maidir leis sin, ba cheart rialacha a bhunú maidir leis na freagrachtaí a bheidh ar eu-LISA, agus í ag feidhmiú mar an Ghníomhaireacht ar a gcuirtear de chúram ardán comhair na bhFoirne Comhpháirteacha um Imscrúdú a fhorbairt, a oibriú go teicniúil agus a chothabháil.
- (19) Agus ardán comhair na bhFoirne Comhpháirteacha um Imscrúdú á cheapadh aige, ba cheart do eu-LISA idir-inoibritheacht theicniúil le SIENA a áirithiú.
- (20) Ó bunaíodh Líonra na Saineolaithe Náisiúnta ar Fhoirne Comhpháirteacha um Imscrúdú i gcomhréir le Doiciméad 11037/05 ón gComhairle²⁴, tacaíonn Rúnaíocht na Foirne Comhpháirtí um Imscrúdú le hobair Líonra na bhFoirne Comhpháirteacha um

²³ Rialachán (AE) 2018/1726 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Samhain 2018 maidir le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh chun Bainistiú Oibríochtúil a dhéanamh ar Chórais Mhórsála TF sa Limistéar Saoirse, Slándála agus Ceartais (eu-LISA), agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1987/2006 agus Cinneadh 2007/533/CGB ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1077/2011 (IO L 295, 21.11.2018, lch. 99).

²⁴ Comhairle an Aontais Eorpaigh, Toradh Imeachtaí Airteagal 36 an 7 agus 8 Iúil 2005, Mír 7 den Chlár Oibre: Foirne Comhpháirteacha um Imscrúdú - Togra chun saneolaithe náisiúnta a ainmniú, 11037/05.

Imscrúdú trí chruinnithe bliantúla agus oiliúint a eagrú, tuarascálacha meastóireachta ar an bhFoireann Chomhpháirteach um Imscrúdú a bhailiú agus anailís a dhéanamh orthu agus clár maoinithe Eurojust maidir le Foireann Chomhpháirteach um Imscrúdú a bhainistiú. Ó 2011 i leith, tá Rúnaíocht na Foirne Comhpháirtí um Imscrúdú á hóstáil ag Eurojust mar aonad ar leith. Chun go gcuirfí ar chumas Rúnaíocht na Foirne Comhpháirtí um Imscrúdú tacaíocht a thabhairt d'úsáideoirí i gcur i bhfeidhm praiticiúil ardán comhair na bhFoirne Comhpháirteachta um Imscrúdú, chomh maith le tacaíocht theicniúil agus tacaíocht riaracháin a thabhairt do riarthóirí spáis na Foirne Comhpháirtí um Imscrúdú, ba cheart an fhoireann iomchuí a leithdháileadh ar Rúnaíocht na Foirne Comhpháirtí um Imscrúdú a chur ar fáil do Eurojust.

- (21) I bhfianaise na n-uirlisí TF atá ann faoi láthair lena dtacaítear le hoibríochtaí na bhFoirne Comhpháirteacha um Imscrúdú, atá á n-óstáil ag Eurojust agus á mbainistiú ag Rúnaíocht na Foirne Comhpháirtí um Imscrúdú, is gá ardán comhair na bhFoirne Comhpháirteacha um Imscrúdú a nascadh leis na huirlisí TF sin, chun bainistiú na bhFoirne Comhpháirteacha um Imscrúdú a éascú. Chuige sin, ba cheart do Eurojust a áirithiú go ndéanfar an t-oiriúnú teicniúil is gá ar a chórais chun nasc den sórt sin a bhunú. Ba cheart an cistiú agus an fhoireann iomchuí a chur ar fáil do Eurojust chun a fhreagrachtaí a chomhlíonadh ina leith sin.
- (22) Chun leithdháileadh soiléir ceart agus cúraimí a áirithiú, ba cheart rialacha a bhunú maidir le freagrachtaí na mBallstát, Eurojust, Europol, Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh, na hOifige Eorpaí Frith-Chalaoise (OLAF) agus comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí inniúla eile de chuid an Aontais, lena n-áirítear na coinníollacha faoinar féidir leo úsáid a bhaint as ardán comhair na bhFoirne Comhpháirteacha um Imscrúdú chun críoch oibriúcháin.
- (23) Leagtar amach sa Rialachán seo na mionsonraí faoi shainordú, comhdhéanamh agus gnéithe eagrúcháin Bhord Bainistíochta an Chláir ar cheart do Bhord Bainistíochta eu-LISA a chur ar bun. Ba cheart do Bhord Bainistíochta an Chláir a áirithiú go ndéanfar bainistiú leordhóthanach ar chéim deartha agus forbartha ardán comhair na bhFoirne Comhpháirteacha um Imscrúdú. Is gá freisin sonraí faoi shainordú, comhdhéanamh agus gnéithe eagrúcháin an Ghrúpa Chomhairligh a bhunóidh eu-LISA a leagan amach chun saineolas a fháil a bhaineann le hardán comhair na bhFoirne Comhpháirteacha um Imscrúdú, go háirithe i gcomhthéacs a chlár oibre bliantúil agus a thuarascáil bhliantúil ar ghníomhaíochtaí a ullmhú.
- (24) Bunaítear leis an Rialachán seo rialacha maidir le rochtain ar ardán comhair na bhFoirne Comhpháirteacha um Imscrúdú agus na coimircí is gá. Ba cheart é a bheith de chúram ar riarthóir spáis nó riarthóirí spáis na Foirne Comhpháirtí um Imscrúdú na cearta rochtana ar spásanna comhair aonair na Foirne Comhpháirtí um Imscrúdú a bhainistiú. Ba cheart iad a bheith i gceannas ar rochtain a thabhairt, le linn chéimeanna oibríochtúla agus iar-oibríochtúla na Foirne Comhpháirtí um Imscrúdú, d'úsáideoirí ardán comhair na bhFoirne Comhpháirteacha um Imscrúdú. Ba cheart riarthóirí spáis na Foirne Comhpháirtí um Imscrúdú a bheith in ann a ról a aistriú chuig rúnaíocht na Foirne Comhpháirtí um Imscrúdú.
- (25) Agus aird á tabhairt ar a íogaire atá na sonraí oibríochtúla a mhalartaítear i measc úsáideoirí ardán comhair na bhFoirne Comhpháirteacha um Imscrúdú, ba cheart d'ardán comhair na bhFoirne Comhpháirteacha um Imscrúdú leibhéal ard slándála a ráthú. Ba cheart do eu-LISA gach beart teicniúil agus eagraíochtúil is gá a dhéanamh chun slándáil an mhalartaithe sonraí a áirithiú trí algartaim chriptiúcháin láidre ó cheann go ceann a úsáid chun sonraí faoi bhealach nó ar fos a chriptiú.

- (26) Leis an Rialachán seo, bunaítear rialacha maidir le dliteanas Ballstát, eu-LISA, Eurojust, Europol, Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh, OLAF agus comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí inniúla eile de chuid an Aontais i ndáil le damáiste ábhartha nó neamhábhhartha a tharlaíonn mar thoradh ar aon ghníomh nach bhfuil ag luí leis an Rialachán seo. Maidir le tríú tíortha, ba cheart clásail dliteanais i leith damáiste ábhartha nó neamhábhhartha a bheith sna comhaontuithe lena mbaineann maidir le Foireann Chomhpháirteach um Imscrúdú.
- (27) Ina theannta sin, déantar foráil sa Rialachán seo maidir le forálacha cosanta sonraí ar leith maidir le sonraí oibríochtúla agus sonraí neamhoibríochtúla araon, ar forálacha iad a bhfuil gá leo chun na socruithe atá ann cheana maidir le cosaint sonraí a fhorlíonadh agus chun foráil a dhéanamh maidir le leibhéal foriomlán leordhóthanach cosanta sonraí, slándáil sonraí agus cosaint chearta bunúsacha na ndaoine lena mbaineann.
- (28) Tá feidhm ag Treoir (AE) 2016/680 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle²⁵ maidir le próiseáil sonraí pearsanta a dhéanann na húdaráis inniúla náisiúnta chun cionta coiriúla a chosc, a imscrúdú, a bhrath nó a ionchúiseamh nó chun pionóis choiriúla a fhorghníomhú, lena n-áirítear coimirciú a dhéanamh in aghaidh bagairtí ar an tslándáil phoiblí agus cosc a chur ar na bagairtí sin. Maidir leis an bpróiseáil a dhéanann institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais, ba cheart feidhm a bheith ag Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle²⁶ i gcomhthéacs an Rialacháin seo.
- (29) I gcás inarb iomchuí, ba cheart go bhféadfadh riarthóirí spáis na Foirne Comhpháirtí um Imscrúdú rochtain ar spás comhair a dheonú do thríú tíortha ar pháirtithe iad i gcomhaontú maidir le Foireann Chomhpháirteach um Imscrúdú. Aon aistriú sonraí pearsanta a dhéantar chuig tríú tíortha nó chuig eagraíochtaí idirnáisiúnta i gcomhthéacs comhaontaithe maidir le Foireann Chomhpháirteach um Imscrúdú, tá sé faoi réir chomhlíonadh na bhforálacha a leagtar amach i gCaibidil V de Threoir (AE) 2016/680. Ba cheart malartuithe sonraí oibríochtúla le tríú tíortha a bheith teoranta do na malartuithe a bhfuil gá leo chun cuspóirí an chomhaontaithe maidir le Foireann Chomhpháirteach um Imscrúdú a chomhlíonadh.
- (30) Aon uair a dhéanann tríú tír faisnéis nó fianaise oibríochtúil a uaslódáil chuig spás comhair, ba cheart do riarthóir spáis na Foirne Comhpháirtí um Imscrúdú a fhíorú go soláthrófar an fhaisnéis nó an fhianaise sin chun cuspóirí an chomhaontaithe maidir le Foireann Chomhpháirteach um Imscrúdú a chomhlíonadh, sula bhféadfaidh úsáideoirí eile an ardáin iad a íoslódáil.
- (31) I gcás ina bhfuil roinnt riarthóirí spáis ag Foireann Chomhpháirteach um Imscrúdú, ba cheart do na riarthóirí spáis sin comhaontú a dhéanamh eatarthu féin, a luaith a bhunófar spás comhair na Foirne Comhpháirtí um Imscrúdú, lena n-áirítear tríú

²⁵ Treoir (AE) 2016/680 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag údaráis inniúla chun cionta coiriúla a chosc, a imscrúdú, a bhrath nó a ionchúiseamh nó chun pionóis choiriúla a fhorghníomhú, agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Cinneadh Réime 2008/977/CGB ón gComhairle (IO L 119, 4.5.2016, lch. 89).

²⁶ Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39).

tíortha, faoi cheann amháin acu a bheith ina rialaitheoir ar na sonraí a uaslódálann na tríú tíortha sin.

- (32) Ba cheart do eu-LISA a áirithiú go ndéanfar rochtain ar an gcóras faisnéise láraithe agus ar gach oibríocht próiseála sonraí sa chóras faisnéise láraithe a logáil chun faireachán a dhéanamh ar shláine agus slándáil sonraí, ar dhlíthiúlacht na próiseála sonraí agus chun críoch féinfhaireacháin chomh maith.
- (33) Leis an Rialachán seo, forchuirtear oibleagáidí tuairiscithe ar eu-LISA maidir le forbairt agus feidhmiú ardán comhair na bhFoirne Comhpháirteacha um Imscrúdú i bhfianaise na gcuspóirí a bhaineann le pleanáil, aschur teicniúil, éifeachtúlacht costais, slándáil agus cáilíocht seirbhíse. Ina theannta sin, ba cheart don Choimisiún meastóireacht fhoriomlán a dhéanamh ar ardán comhair na bhFoirne Comhpháirteacha um Imscrúdú ceithre bliana tar éis tús a bheith curtha le hoibríochtaí ardán comhair na bhFoirne Comhpháirteacha um Imscrúdú agus gach ceithre bliana ina dhiaidh sin.
- (34) Maidir le gach Ballstáit chomh maith le Eurojust, Europol, Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh, OLAF agus aon chomhlacht, oifig agus gníomhaireacht inniúil eile de chuid an Aontais, is orthu féin a bheidh sé na costais a thiocfaidh as úsáid a bhaint as ardán comhair na bhFoirne Comhpháirteacha um Imscrúdú.
- (35) Chun coinníollacha a bhunú maidir le forbairt theicniúil agus cur chun feidhme ardán comhair na bhFoirne Comhpháirteacha um Imscrúdú, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún. Ba cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle²⁷.
- (36) Ba cheart don Choimisiún an dáta a chuirfear tús le hoibríochtaí ardán comhair na bhFoirne Comhpháirteacha um Imscrúdú a chinneadh a luaithe a ghlacfar na gníomhartha cur chun feidhme ábhartha is gá chun ardán comhair na bhFoirne Comhpháirteacha um Imscrúdú a fhorbairt go teicniúil agus a luaithe a bheidh tástáil chuimsitheach déanta ag eu-LISA ar ardán comhair na bhFoirne Comhpháirteacha um Imscrúdú, i gcomhar leis na Ballstáit.
- (37) Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit cuspóir an Rialacháin seo, eadhon comhar, cumarsáid agus malartú faisnéise agus fianaise atá éifeachtach agus éifeachtúil a éascú idir comhaltaí na Foirne Comhpháirtí um Imscrúdú, Eurojust, Europol, OLAF agus comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí inniúla eile de chuid an Aontais, a ghnóthú go leordhóthanach, ach gur fearr is féidir iad a ghnóthú ar leibhéal an Aontais trí rialacha comhchoiteanna a leagan amach, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach (CAE). I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta mar a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil riachtanach chun an cuspóir sin a ghnóthú.
- (38) I gcomhréir le hAirteagail 1 agus 2 de Phrótacal Uimh. 22 maidir le seasamh na Danmhairge, atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, níl an Danmhairg rannpháirteach i nglacadh an Rialacháin seo agus níl sí faoi cheangal aige ná faoi réir a chur i bhfeidhm.

²⁷ Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún (IO L 55, 28.2.2011, lch. 13).

- (39) Chuathas i gcomhairle leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí i gcomhréir le hAirteagal 42(1) de Rialachán (AE) Uimh. 2018/1725 agus thug sé tuairim uaidh an XXXX,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

CAIBIDIL I

Forálacha ginearálta

Airteagal 1

Ábhar

Leis an Rialachán seo:

- (a) bunaítear ardán TF (‘ardán comhair na bhFoirne Comhpháirteacha um Imscrúdú’) a bheidh le húsáid ar bhonn deonach, chun comhar na n-údarás inniúil atá rannpháirteach i bhFoirne Comhpháirteacha um Imscrúdú arna bhunú ar bhonn Airteagal 13 den Choinbhinsiún um Chúnaimh Frithpháirteach in Ábhair Choiriúla idir Ballstáit an Aontais Eorpaigh, arna bhunú ag an gComhairle i gcomhréir le hAirteagal 34 den Chonradh ar an Aontas Eorpach nó Cinneadh Réime 2002/465/CGB a éascú;
- (b) leagtar síos rialacha maidir le freagrachtaí a roinnt idir úsáideoirí ardán comhair na bhFoirne Comhpháirteacha um Imscrúdú agus an ghníomhaireacht atá freagrach as ardán comhair na bhFoirne Comhpháirteacha um Imscrúdú a fhorbairt agus a chothabháil;
- (c) leagtar amach na coinníollacha faoina bhféadfar rochtain a thabhairt d’úsáideoirí ardán comhair na bhFoirne Comhpháirteacha um Imscrúdú ar ardán comhair na bhFoirne Comhpháirteacha um Imscrúdú;
- (d) leagtar síos forálacha cosanta sonraí ar leith a bhfuil gá leo chun na socruithe atá ann cheana maidir le cosaint sonraí a fhorlíonadh agus chun foráil a dhéanamh maidir le leibhéal foriomlán leordhóthanach cosanta sonraí, slándáil sonraí agus cosaint chearta bunúsacha na ndaoine lena mbaineann.

Airteagal 2

Raon feidhme

- 1. Tá feidhm ag an Rialachán seo maidir le próiseáil faisnéise, lena n-áirítear sonraí pearsanta, i gcomhthéacs Foirne Comhpháirteacha um Imscrúdú. Áirítear leis sin faisnéis agus fianaise oibríochtúil chomh maith le faisnéis neamhoibríochtúil a mhalartú agus a stóráil. Tá feidhm ag an Rialachán seo maidir le céimeanna oibríochtúla agus iar-oibríochtúla na Foirne Comhpháirtí um Imscrúdú, ón nóiméad a shíneoidh a chomhaltaí an comhaontú ábhartha maidir le Foireann Chomhpháirteach um Imscrúdú.
- 2. Ní dhéanann an Rialachán seo leasú ar na forálacha dlí atá ann cheana maidir le Foirne Comhpháirteacha um Imscrúdú a bhunú, a stiúradh nó meastóireacht a dhéanamh orthu, ná ní dhéanann sé difear dóibh ar aon slí eile.

Airteagal 3

Sainmhínithe

Chun críocha an Rialacháin seo, tá feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

- (1) Ciallaíonn ‘córas faisnéise láraithe’ lárchóras TF ina ndéantar na sonraí a bhaineann le Foirne Comhpháirteacha um Imscrúdú a stóráil agus a phróiseáil;
- (2) Ciallaíonn ‘bogearraí cumarsáide’ bogearraí lena n-éascaítear cianrochtain ar chórais agus malartú comhad agus teachtaireachtaí i bhformáidí téacs, fuaime nó físe idir úsáideoirí ardán comhair na bhFoirne Comhpháirteacha um Imscrúdú;
- (3) Ciallaíonn ‘údaráis inniúla’ na húdaráis atá inniúil chun Foireann Chomhpháirteach um Imscrúdú a bhunú dá dtagraítear in Airteagal 1 de Chinneadh Réime 2002/465/CGB agus in Airteagal 13 den Choinbhinsiún um Chúnamh Frithpháirteach in Abhair Choiriúla idir Ballstáit an Aontais Eorpaigh, arna bhunú ag an gComhairle i gcomhréir le hAirteagal 34 den Chonradh ar an Aontas Eorpach, Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh ag gníomhú di de bhun na n-inniúlachtaí dá bhforáiltear le hAirteagail 22, 23 agus 25 de Rialachán (AE) 2017/1939 ón gComhairle, chomh maith le húdaráis inniúla tríú tíre ar páirtithe iad i gcomhaontú maidir le Foireann Chomhpháirteach um Imscrúdú;
- (4) Ciallaíonn ‘comhaltaí Foireann Chomhpháirteach um Imscrúdú’ ionadaithe na n-údarás inniúil dá dtagraítear i bpointe 3 den Airteagal seo;
- (5) Ciallaíonn ‘úsáideoirí ardán comhair na bhFoirne Comhpháirteach um Imscrúdú’ baill Foireann Chomhpháirteach um Imscrúdú, Eurojust, Europol, OLAF agus comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí inniúla eile de chuid an Aontais;
- (6) Ciallaíonn ‘spás comhair na Foirne Comhpháirtí um Imscrúdú’ spás ar leith le haghaidh gach Foirne Comhpháirtí um Imscrúdú a óstáiltear ar ardán comhair na bhFoirne Comhpháirteacha um Imscrúdú;
- (7) Ciallaíonn ‘riarthóir spáis na Foirne Comhpháirtí um Imscrúdú’ ionadaí ó údaráis inniúla an Bhallstáit atá i gceannas ar spás comhair na Foirne Comhpháirtí um Imscrúdú;
- (8) Ciallaíonn ‘sonraí oibríochtúla’ faisnéis agus fianaise a phróiseálann ardán comhair na bhFoirne Comhpháirteacha um Imscrúdú le linn chéim oibríochtúil na Foirne Comhpháirtí um Imscrúdú chun tacú le himscrúduithe agus ionchúisimh trasteorann;
- (9) Ciallaíonn ‘sonraí neamhoibríochtúla’ sonraí riaracháin a phróiseálann ardán comhair na bhFoirne Comhpháirteacha um Imscrúdú, go háirithe chun bainistiú na Foirne Comhpháirtí um Imscrúdú agus comhar laethúil idir úsáideoirí ardán comhair na bhFoirne Comhpháirteacha um Imscrúdú a éascú.

Airteagal 4

Ailtireacht theicniúil ardán comhair na bhFoirne Comhpháirteacha um Imscrúdú

Beidh ardán comhair na bhFoirne Comhpháirteacha um Imscrúdú comhdhéanta den mhéid a leanas:

- (a) córas faisnéise láraithe inar féidir sonraí a stóráil go lárnach ar bhonn sealadach;
- (b) bogearraí cumarsáide lena féidir sonraí cumarsáide a stóráil go háitiúil;

- (c) nasc idir an córas faisnéise láraithe agus uirlisí TF ábhartha, ag tacú le feidhmiú na bhFoirne Comhpháirteacha um Imscrúdú agus á bhainistiú ag Rúnaíocht na Foirne Comhpháirtí um Imscrúdú.

Airteagal 5

Cuspóir ardán comhair na bhFoirne Comhpháirteacha um Imscrúdú

1. Is é an cuspóir a bheidh ag ardán comhair na bhFoirne Comhpháirteacha um Imscrúdú an méid seo a éascú:
 - (a) comhordú agus bainistiú laethúil a dhéanamh ar Fhoireann Chomhpháirteach um Imscrúdú, trí shraith feidhmiúlachtaí a thacaíonn leis na próisis riaracháin agus airgeadais laistigh den Fhoireann Chomhpháirteach um Imscrúdú;
 - (b) faisnéis agus fianaise oibríochtúil a mhalartú agus iad a stóráil go sealadach, lena n-áirítear comhaid mhóra, trí fheidhmiúlacht uaslódála agus íoslódála;
 - (c) cumarsáid shlán trí fheidhmiúlacht lena gcumhdaítear teachtaireachtaí meandracha, comhráite, closchomhdháil agus físchomhdháil;
 - (d) inrianaitheacht fianaise trí shásra logála gnó lenar féidir súil a choinneáil ar an bhfianaise go léir a mhalartaítear trí ardán comhair na bhFoirne Comhpháirteacha um Imscrúdú;
 - (e) measúnú a dhéanamh ar Fhoireann Chomhpháirteach um Imscrúdú trí phróiseas tiomnaithe meastóireachta comhoibríoch.
2. Is é eu-LISA a dhéanfaidh an córas faisnéise láraithe a óstáil ar a shuíomhanna teicniúla.

CAIBIDIL II

Forbairt agus bainistiú oibríochtúil

Airteagal 6

Gníomhartha cur chun feidhme arna nglacadh ag an gCoimisiún

Glacfaidh an Coimisiún na gníomhartha cur chun feidhme is gá chun ardán comhair na bhFoirne Comhpháirteacha um Imscrúdú a chur chun feidhme go teicniúil a luaithe is féidir, agus glacfaidh sé, go háirithe, gníomhartha a bhaineann leis an méid seo a leanas:

- (a) liosta de na feidhmiúlachtaí is gá chun comhordú agus bainistiú laethúil a dhéanamh ar Fhoireann Chomhpháirteach um Imscrúdú;
- (b) liosta de na feidhmiúlachtaí is gá le haghaidh cumarsáid shlán;
- (c) sonraíochtaí gnó an naisc dá dtagraítear in Airteagal 4, pointe (c);
- (d) slándáil i gcomhréir le hAirteagal 15;
- (e) logaí teicniúla i gcomhréir le hAirteagal 21;
- (f) staitisticí teicniúla a sholáthar i gcomhréir le hAirteagal 22;

- (g) ceanglais feidhmíochta agus infhaighteachta ardán comhair na bhFoirne Comhpháirteacha um Imscrúdú.

Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme dá dtagraítear sa chéad fhomhír den Airteagal seo a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 25.

Airteagal 7

Freagrachtaí eu-LISA

1. Déanfaidh Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh chun Bainistiú Oibríochtúil a dhéanamh ar Chórais Mhórsála TF sa Limistéar Saoirse, Slándála agus Ceartais ('eu-LISA') dearadh ailtireacht fhisiceach ardán comhair na bhFoirne Comhpháirteacha um Imscrúdú a bhunú lena n-áirítear a shonraíochtaí teicniúla agus an éabhlóid a thiocfaidh ar na sonraíochtaí sin. Déanfaidh an Bord Bainistíochta an dearadh sin a fhorfheas, faoi réir tuairim fhabhrach ón gCoimisiún.
2. Beidh eu-LISA freagrach as ardán comhair na bhFoirne Comhpháirteacha um Imscrúdú a fhorbairt i gcomhréir leis an bprionsabal maidir le cosaint sonraí trí dhearadh agus mar réamhshocrú. Is éard a bheidh san fhorbairt mionsaothrú agus cur chun feidhme na sonraíochtaí teicniúla, tástáil agus comhordú foriomlán an tionscadail.
3. Cuirfidh eu-LISA na bogearraí cumarsáide ar fáil d'úsáideoirí ardán comhair na bhFoirne Comhpháirteacha um Imscrúdú.
4. Is é eu-LISA a dhéanfaidh ardán comhair na bhFoirne Comhpháirteacha um Imscrúdú a fhorbairt agus a chur chun feidhme a luaithe is féidir tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo agus tar éis don Choimisiún na gníomhartha cur chun feidhme de bhun Airteagal 6 a ghlacadh.
5. Áiritheoidh eu-LISA go ndéanfar ardán comhair na bhFoirne Comhpháirteacha um Imscrúdú a oibriú i gcomhréir leis an Rialachán seo, leis an ngníomh cur chun feidhme dá dtagraítear in Airteagal 6, agus i gcomhréir le Rialachán (AE) 2018/1725.
6. Is é eu-LISA a bheidh freagrach as bainistiú oibríochtúil ardán comhair na bhFoirne Comhpháirteacha um Imscrúdú. Is éard a bheidh i gceist le bainistiú oibríochtúil ardán comhair na bhFoirne Comhpháirteacha um Imscrúdú na cúraimí go léir is gá chun ardán comhair na bhFoirne Comhpháirteacha um Imscrúdú a choinneáil ag obair i gcomhréir leis an Rialachán seo, agus go háirithe an obair chothabhála agus na forbairtí teicniúla is gá chun a áirithiú go bhfeidhmeoidh ardán comhair na bhFoirne Comhpháirteacha um Imscrúdú ar leibhéal sásúil i gcomhréir leis na sonraíochtaí teicniúla.
7. Áiritheoidh eu-LISA go gcuirfear oiliúint ar fáil maidir le húsáid phraiticiúil ardán comhair na bhFoirne Comhpháirteacha um Imscrúdú.
8. Ní bheidh rochtain ag eu-LISA ar spásanna comhair na Foirne Comhpháirtí um Imscrúdú.
9. Gan dochar d'Airteagal 17 de Rialachán Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh, a leagtar síos i Rialachán (CEE, Euratom, CEEG) Uimh. 259/68 ón gComhairle²⁸,

²⁸ Rialachán (CEE, Euratom, CEEG) Uimh. 259/68 ón gComhairle an 29 Feabhra 1968 lena leagtar síos Rialachán Foirne Oifigigh na gComhphobal Eorpach agus Coinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh eile

cuirfidh eu-LISA rialacha iomchuí rúndachta gairmiúla nó oibleagáidí comhionanna rúndachta eile i bhfeidhm maidir lena chuid ball foirne ar fad ar gá dóibh bheith ag obair le sonraí atá cláraithe sa chóras faisnéise láraithe. Beidh feidhm ag an oibleagáid sin chomh maith tar éis do na baill foirne sin imeacht as oifig nó scor den fhostaíocht nó tar éis fhoirceannadh a ngníomhaíochtaí.

Airteagal 8

Freagrachtaí na mBallstát

Déanfaidh gach Ballstát na socruithe teicniúla is gá chun go mbeidh rochtain ag a údarais inniúla ar ardán comhair na bhFoirne Comhpháirteacha um Imscrúdú i gcomhréir leis an Rialachán seo.

Airteagal 9

Freagrachtaí na gcomhlachtaí, na n-oifigí agus na ngníomhaireachtaí inniúla de chuid an Aontais

1. Déanfaidh Eurojust, Europol, Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh, OLAF agus comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí inniúla eile de chuid an Aontais na socruithe teicniúla is gá chun go mbeidh rochtain acu ar ardán comhair na bhFoirne Comhpháirteacha um Imscrúdú.
2. Beidh Eurojust freagrach as an oiriúnú teicniúil is gá a dhéanamh ar a chuid córas, oiriúnú is gá chun an nasc dá dtagraítear in Airteagal 4, pointe (c) a bhunú.

Airteagal 10

Bord Bainistíochta an Chláir

1. Roimh chéim deartha agus forbartha ardán comhair na bhFoirne Comhpháirteacha um Imscrúdú, bunóidh Bord Bainistíochta eu-LISA Bord Bainistíochta an Chláir.
2. Beidh deichniúr comhaltaí ar Bhord Bainistíochta an Chláir mar a leanas:
 - (a) ochtar comhalta a cheapfaidh an Bord Bainistíochta;
 - (b) Cathaoirleach an Ghrúpa Comhairligh dá dtagraítear in Airteagal 11;
 - (c) comhalta amháin a cheapfaidh an Coimisiún.
3. Áiríteoidh Bord Bainistíochta eu-LISA go mbeidh, ag na comhaltaí a cheapfaidh sé chuig Bord Bainistíochta an Chláir, an taithí agus an saineolas is gá i bhforbairt agus i mbainistiú chórais TF lena dtugtar tacaíocht d'údarais bhreithiúnacha.
4. Beidh eu-LISA rannpháirteach in obair Bhord Bainistíochta an Chláir. Chun na críche sin, freastalóidh ionadaithe de chuid eu-LISA ar chruinnithe Bhord Bainistíochta an Chláir chun tuarascáil a chur le chéile i ndáil le dearadh agus le forbairt ardán comhair na bhFoirne Comhpháirteacha um Imscrúdú agus i ndáil le haon obair ghaolmhar eile agus le haon gníomhaíochtaí gaolmhara eile.
5. Tiocfaidh Bord Bainistíochta an Chláir le chéile uair amháin gach trí mhí ar a laghad, agus níos minice ná sin nuair is gá. Áiríteoidh sé go ndéanfar bainistiú iomchuí ar

na gComhphobal Eorpach agus lena dtionscnaítear bearta speisialta is infheidhme ar bhonn sealadach maidir le hoifigigh an Choimisiúin (IO L 56, 4.3.1968, lch. 1).

chéim deartha agus forbartha ardán comhair na bhFoirne Comhpháirteacha um Imscrúdú. Cuirfidh Bord Bainistíochta an Chláir tuarascálacha i scríbhinn faoi bhráid Bhord Bainistíochta eu-LISA go rialta, agus gach mí nuair is féidir, maidir le dul chun cinn an tionscadail. Ní bheidh aon chumhacht cinnteoireachta ná aon sainordú ag Bord Bainistíochta an Chláir chun ionadaíocht a dhéanamh thar ceann chomhaltaí Bhord Bainistíochta eu-LISA.

6. Bunóidh Bord Bainistíochta an Chláir a rialacha nós imeachta lena n-áireofar go háirithe rialacha maidir le cathaoirleacht, ionaid le haghaidh cruinnithe, ullmhú cruinnithe, cead isteach a thabhairt do shaineolaithe freastal ar na cruinnithe, pleananna cumarsáide lena n-áiritheofar go gcoimeádfar comhaltaí neamh-rannpháirteacha Bhord Bainistíochta eu-LISA go hiomlán ar an eolas.
7. Beidh cathaoirleacht Bhord Bainistíochta an Chláir ag Ballstát.
8. Déanfaidh eu-LISA rúnaíocht Bhord Bainistíochta an Chláir a áirithiú.

Airteagal 11

Grúpa comhairleach

1. Bunóidh eu-LISA Grúpa Comhairleach chun an saineolas a bhaineann le hardán comhair na bhFoirne Comhpháirteacha um Imscrúdú a fháil, go háirithe agus a chlár oibre bliantúil agus a thuarascáil bhliantúil ar ghníomhaíochtaí á n-ullmhú aige.
2. Le linn chéim deartha agus forbartha ardán comhair na bhFoirne Comhpháirteacha um Imscrúdú, beidh an Grúpa Comhairleach comhdhéanta d'ionadaithe ó na Ballstáit, ón gCoimisiún agus ó Rúnaíocht na Foirne Comhpháirtí um Imscrúdú. Is é eu-LISA a bheidh ina chathaoirleach air. Déanfaidh sé an méid seo a leanas:
 - (a) tiocfaidh sé le chéile go rialta, uair sa mhí ar a laghad, nuair is féidir, go dtí go gcuirfear tús le hoibríochtaí ardán comhair na bhFoirne Comhpháirteacha um Imscrúdú;
 - (b) tabharfaidh sé tuairisc do Bhord Bainistíochta an Chláir tar éis gach cruinnithe;
 - (c) cuirfidh sé an saineolas teicniúil ar fáil chun tacú le cúraimí Bhord Bainistíochta an Chláir.

CAIBIDIL III

Rochtain ar ardán comhair na bhFoirne Comhpháirteacha um Imscrúdú

Airteagal 12

Rochtain ar spásanna comhair na Foirne Comhpháirtí um Imscrúdú ag údaráis inniúla na mBallstát

1. Nuair a bheidh comhaontú maidir le Foireann Chomhpháirteach um Imscrúdú sínithe, cruthófar spás comhair laistigh d'ardán comhair na bhFoirne Comhpháirteacha um Imscrúdú le haghaidh gach Foirne Comhpháirtí um Imscrúdú.
2. Oslóidh riarthóir spáis nó riarthóirí spáis na Foirne Comhpháirtí um Imscrúdú ardán comhair na Foirne Comhpháirtí um Imscrúdú, le tacaíocht theicniúil eu-LISA.
3. Bunóidh riarthóir nó riarthóirí spáis na Foirne Comhpháirtí um Imscrúdú cearta rochtana úsáideoirí ardán comhair na bhFoirne Comhpháirteacha um Imscrúdú ar

spás comhair na Foirne Comhpháirtí um Imscrúdú, ar bhonn an chomhaontaithe maidir le Foireann Chomhpháirteach um Imscrúdú.

Airteagal 13

Rochtain ar spásanna comhair na Foirne Comhpháirtí um Imscrúdú ag comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí inniúla an Aontais

1. Féadfaidh riarthóir spáis nó riarthóirí spáis na Foirne Comhpháirtí um Imscrúdú a chinneadh rochtain a thabhairt do Eurojust, lena n-áirítear Rúnaíocht na Foirne Comhpháirtí um Imscrúdú, ar spás comhair na Foirne Comhpháirtí um Imscrúdú chun a chúraimí mar a leagtar amach i Rialachán (AE) 2018/1727 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a chomhlíonadh²⁹. Go háirithe, féadfaidh riarthóir spáis nó riarthóirí spáis na Foirne Comhpháirtí um Imscrúdú a chinneadh rochtain a thabhairt do Rúnaíocht na Foirne Comhpháirtí um Imscrúdú ar spás comhair na Foirne Comhpháirtí um Imscrúdú chun críche tacaíocht theicniúil agus tacaíocht riaracháin, lena n-áirítear ceart rochtana a bhainistiú.
2. Féadfaidh riarthóir spáis nó riarthóirí spáis na Foirne Comhpháirtí um Imscrúdú a chinneadh rochtain a thabhairt do Europol ar spás comhair na Foirne Comhpháirtí um Imscrúdú chun a chúraimí mar a leagtar amach i Rialachán (AE) 2016/794 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a chomhlíonadh³⁰.
3. Féadfaidh riarthóir nó riarthóirí spáis na Foirne Comhpháirtí um Imscrúdú a chinneadh rochtain a thabhairt do OLAF ar spás comhair na Foirne Comhpháirtí um Imscrúdú chun a chúraimí mar a leagtar amach i Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 883/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a chomhlíonadh³¹.
4. Féadfaidh riarthóir spáis nó riarthóirí spáis na Foirne Comhpháirtí um Imscrúdú a chinneadh rochtain a thabhairt d'Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh ar spás comhair na Foirne Comhpháirtí um Imscrúdú chun a chúraimí mar a leagtar amach i Rialachán (AE) 2017/1939 ón gComhairle a chomhlíonadh.
5. Féadfaidh riarthóir spáis nó riarthóirí spáis na Foirne Comhpháirtí um Imscrúdú a chinneadh rochtain a thabhairt do chomhlachtaí, d'oifigí agus do ghníomhaireachtaí inniúla eile de chuid an Aontais ar spás comhair na Foirne Comhpháirtí um Imscrúdú chun cúraimí a leagtar amach ina ngníomhartha bunúsacha a chomhlíonadh.

²⁹ Rialachán (AE) 2018/1727 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Samhain 2018 maidir le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chomhar Ceartais Choiriúil (Eurojust) (IO L 295, 21.11.2018, lch. 138).

³⁰ Rialachán (AE) 2016/794 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Bealtaine 2016 maidir le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh i ndáil le Comhar i bhForfheidhmiú an Dlí (Europol) (IO L 135, 24.5.2016, lch. 53)

³¹ Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 883/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Meán Fómhair 2013 maidir le himscrúduithe arna ndéanamh ag an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF) agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1073/1999 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (Euratom) Uimh. 1074/1999 ón gComhairle (IO L 248, 18.9.2013, lch. 1).

Airteagal 14

Rochtain ar spásanna comhair na Foirne Comhpháirtí um Imscrúdú ag údaráis inniúla tríú tíortha

1. Chun na gcríoch a liostaítear in Airteagal 5, féadfaidh riarthóir spáis nó riarthóirí spáis na Foirne Comhpháirtí um Imscrúdú a chinneadh rochtain ar spás comhair na Foirne Comhpháirtí um Imscrúdú a thabhairt d'údaráis inniúla tríú tíortha a bhfuil comhaontú ar leith sínithe acu maidir le Foireann Chomhpháirteach um Imscrúdú.
2. Áiritheoidh riarthóir nó riarthóirí spáis na Foirne Comhpháirtí um Imscrúdú go mbeidh malartuithe sonraí oibríochtúla le húdaráis inniúla tríú tíortha dár tugadh rochtain ar spás comhair na Foirne Comhpháirtí um Imscrúdú teoranta don mhéid is gá chun críocha an chomhaontaithe maidir le Foireann Chomhpháirteach um Imscrúdú agus faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos ann.
3. Áiritheoidh na Ballstáit nach n-aistrefar a gcuid sonraí pearsanta chuig tríú tíortha dár tugadh rochtain ar spás comhair na Foirne Comhpháirtí um Imscrúdú ach amháin i gcás ina gcomhlíonfar na coinníollacha a leagtar síos i gCaibidil V de Threoir 2016/680.

CAIBIDIL IV

Slándáil agus dliteanas

Airteagal 15

Slándáil

1. Déanfaidh eu-LISA na bearta teicniúla agus eagraíochtúla is gá chun ardleibhéal cibearshlándála ardán comhair na bhFoirne Comhpháirteacha um Imscrúdú agus slándáil faisnéise na sonraí laistigh d'ardán comhair na bhFoirne Comhpháirteacha um Imscrúdú a áirithiú, go háirithe chun rúndacht agus sláine na sonraí oibríochtúla agus neamhoibríochtúla a stóráiltear sa chóras faisnéise láraithe a áirithiú.
2. Cuirfidh eu-LISA cosc ar rochtain neamhúdaráithe ar ardán comhair na bhFoirne Comhpháirteacha um Imscrúdú agus áiritheoidh sé nach mbeidh rochtain ag na daoine a bheidh údaráithe chun rochtain a fháil ar ardán comhair na bhFoirne Comhpháirteacha um Imscrúdú ach ar na sonraí a chumhdaítear faoina n-údarú rochtana.
3. Chun críocha mhíreanna 1 agus 2, glacfaidh eu-LISA plean slándála, plean leanúnachais gnó agus plean athshlánaithe ó thubaiste, chun a áirithiú go bhféadfar an córas faisnéise láraithe a aischur i gcás ina dtarlóidh briseadh.
4. Déanfaidh eu-LISA faireachán ar éifeachtacht na mbeart slándála dá dtagraítear san Airteagal seo agus déanfaidh sé na bearta eagrúcháin is gá maidir le féinfhaireachán agus maoirseacht chun a áirithiú go gcomhlíontar an Rialachán seo.

Airteagal 16

Dliteanas

1. I gcás ina ndéanfaidh Ballstát, Eurojust, Europol, Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh, OLAF nó aon chomhlacht, oifig nó gníomhaireacht inniúil eile de chuid an Aontais damáiste d'ardán comhair na bhFoirne Comhpháirteacha um Imscrúdú, toisc

nár éirigh leo a gcuid oibleagáidí faoin Rialachán seo a chomhlíonadh, beidh an Ballstát sin, Eurojust, Europol, Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh, OLAF nó comhlacht, oifig nó gníomhaireacht inniúil eile de chuid an Aontais faoi seach, faoi dhliteanas i leith an damáiste sin, a mhéid nach ndéanfaidh eu-LISA bearta réasúnta chun an damáiste sin a sheachaint nó chun a thionchar a íoslaghdú.

2. Éilimh ar chúiteamh a dhéanfar i gcoinne Ballstáit as an damáiste dá dtagraítear i mír 1, is faoi dhlí náisiúnta an Bhallstáit sin a rialálfar iad. Is faoi réir a ngníomhartha bunaidh a rialófar éilimh ar chúiteamh a dhéanfar i gcoinne Eurojust, Europol, Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh, OLAF nó aon chomhlacht, oifig nó gníomhaireacht inniúil eile de chuid an Aontais as an damáiste dá dtagraítear i mír 1.

CAIBIDIL V

Cosaint sonraí

Airteagal 17

Tréimhse choinneála chun sonraí oibríochtúla a stóráil

1. Déanfar sonraí oibríochtúla a bhaineann le gach spás comhair a stóráil sa chóras faisnéise láraithe a fhad is gá chun go gcuirfidh úsáideoirí uile ardán comhair na bhFoirne Comhpháirteacha um Imscrúdú lena mbaineann an próiseas íoslódála i gcrích. Ní bheidh an tréimhse choinneála níos faide ná ceithre seachtaine.
2. Ar dhul in éag don tréimhse choinneála dá dtagraítear i mír 1, scriosfar an taifead sonraí go huathoibríoch ón gcóras láraithe.

Airteagal 18

Tréimhse choinneála chun sonraí neamhoibríochtúla a stóráil

1. I gcás ina mbeidh meastóireacht ar an bhFoireann Chomhpháirteach um Imscrúdú beartaithe, déanfar sonraí neamhoibríochtúla a bhaineann le gach spás comhair a stóráil sa chóras faisnéise láraithe go dtí go mbeidh an mheastóireacht ar an bhFoireann Chomhpháirteach um Imscrúdú curtha i gcrích. Ní bheidh an tréimhse choinneála níos faide ná cúig bliana.
2. Ar dhul in éag don tréimhse choinneála dá dtagraítear i mír 1, scriosfar an taifead sonraí go huathoibríoch ón gcóras láraithe.

Airteagal 19

Rialaitheoir sonraí agus próiseálaí sonraí

1. Maidir le gach údarás inniúil náisiúnta i mBallstát, agus i gcás inarb iomchuí, Eurojust, Europol, Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh, OLAF nó aon chomhlacht, oifig nó gníomhaireacht inniúil eile de chuid an Aontais, measfar gur rialaitheoirí sonraí iad i gcomhréir le rialacha cosanta sonraí an Aontais is infheidhme maidir le sonraí pearsanta a phróiseáil faoin Rialachán seo.
2. Maidir le sonraí a uaslódálann údaráis inniúla tríú tíortha chuig ardán comhair na bhFoirne Comhpháirteacha um Imscrúdú, measfar duine de riarthóirí spáis na Foirne Comhpháirtí um Imscrúdú a bheith ina rialaitheoir sonraí i ndáil leis na sonraí

pearsanta a mhalartaítear agus a stóráiltear in ardán comhair na bhFoirne Comhpháirteacha um Imscrúdú.

3. Measfar eu-LISA a bheith ina phróiseálaí sonraí i gcomhréir le Rialachán (AE) 2018/1725 a mhéid a bhaineann leis na sonraí pearsanta a mhalartaítear trí ardán comhair na bhFoirne Comhpháirteacha um Imscrúdú agus a stóráiltear ann.
4. Beidh úsáideoirí ardán comhair na bhFoirne Comhpháirteacha um Imscrúdú freagrach go comhpháirteach as sonraí neamhoibríochtúla in ardán comhair na bhFoirne Comhpháirteacha um Imscrúdú a bhainistiú.

Airteagal 20

An cuspóir atá le próiseáil sonraí pearsanta

1. Na sonraí a iontráiltear in ardán comhair na bhFoirne Comhpháirteacha um Imscrúdú, déanfar iad a phróiseáil chun na gcríoch seo a leanas, agus chun na gcríoch sin amháin:
 - (a) faisnéis agus fianaise oibríochtúil a mhalartú idir úsáideoirí ardán comhair na bhFoirne Comhpháirteacha um Imscrúdú;
 - (b) malartú sonraí neamhoibríochtúla idir úsáideoirí ardán comhair na bhFoirne Comhpháirteacha um Imscrúdú, chun an Fhoireann Chomhpháirteach um Imscrúdú a bhainistiú.
2. Beidh rochtain ar ardán comhair na bhFoirne Comhpháirteacha um Imscrúdú teoranta do bhaill foirne chuí-údaraithe na mBallstát inniúil agus údaráis tríú tír, Eurojust, Europol, Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh, OLAF agus comhlachtaí, oifigí nó gníomhaireachtaí inniúla eile de chuid an Aontais, a mhéid is gá chun a gcúraimí a chomhlíonadh i gcomhréir leis na cuspóirí dá dtagraítear i mír 1, agus an méid is gá agus is comhréireach leis na cuspóirí atá á saothrú.

Airteagal 21

Logaí teicniúla

1. Áiritheoidh eu-LISA go gcoimeádfar loga ar an rochtain uile ar an gcóras faisnéise láraithe agus ar gach oibríocht próiseála sonraí sa chóras faisnéise láraithe, i gcomhréir le mír 2.
2. Léireoidh na logaí an méid seo a leanas:
 - (a) an dáta, an críos ama agus an t-am beacht a bhaineann le rochtain a fháil ar an gcóras faisnéise láraithe;
 - (b) marc aitheantais úsáideoir ardán comhair na Foirne Comhpháirtí um Imscrúdú a fuair rochtain ar an gcóras faisnéise láraithe;
 - (c) dáta, amchrios agus am rochtana na hoibríochta a rinne úsáideoir ardán comhair na Foirne Comhpháirtí um Imscrúdú;
 - (d) an oibríocht a rinne úsáideoir ardán comhair na Foirne Comhpháirtí um Imscrúdú.
3. Úsáidfear bearta teicniúla iomchuí chun na logaí a chosaint ar rochtain neamhúdaraithe agus coinneofar iad ar feadh trí bliana nó ar feadh tréimhse is faide ná sin más gá chun nósanna imeachta faireacháin leanúnacha a fhoirceannadh.

4. Arna iarraidh sin, cuirfidh eu-LISA na logaí ar fáil d'údaráis inniúla na mBallstát gan moill mhíchuí.
5. Laistigh de theorainneacha a n-inniúlachtaí agus chun a ndualgais a chomhlíonadh, beidh rochtain ag na húdaráis mhaoirseachta náisiúnta atá freagrach as faireachán a dhéanamh ar dhlíthiúlacht na próiseála sonraí ar logaí arna iarraidh sin.
6. Laistigh de theorainneacha a inniúlachtaí agus chun a dhualgais mhaoirseachta a chomhlíonadh i gcomhréir le Rialachán (AE) 2018/1725, beidh rochtain ag an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí ar logaí arna iarraidh sin.

CAIBIDIL VI

Forálacha críochnaitheacha

Airteagal 22

Faireachán agus meastóireacht

1. Bunóidh eu-LISA nósanna imeachta chun faireachán a dhéanamh ar fhorbairt ardán comhair na bhFoirne Comhpháirteacha um Imscrúdú maidir leis na cuspóirí a bhaineann le pleanáil agus costais agus chun faireachán a dhéanamh ar fheidhmiú ardán comhair na bhFoirne Comhpháirteacha um Imscrúdú maidir leis na cuspóirí a bhaineann le haschur teicniúil, cost-éifeachtúlacht, slándáil agus cáilíocht seirbhíse.
2. Forálfar leis na nósanna imeachta dá dtagraítear i mír 1 gur féidir staitisticí teicniúla rialta a sholáthar chun críoch faireacháin.
3. I gcás go gcuirfear moill shuntasach ar an bpróiseas forbartha, cuirfidh eu-LISA Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle ar an eolas a luaithe is féidir maidir le cúiseanna na moille sin agus ar an tionchar a bheidh aici i dtéarmaí tráthchlár agus airgeadais.
4. A luaithe a bheidh forbairt ardán comhair na bhFoirne Comhpháirteacha um Imscrúdú tugtha chun críche, cuirfidh eu-LISA tuarascáil faoi bhráid Parlaimint na hEorpa agus na Comhairle ina míneofar an chaoi ar baineadh amach na cuspóirí, go háirithe i dtaca le pleanáil agus costas, agus ina dtabharfar údar maith le haon chás inar imíodh óna raibh socraithe.
5. I gcás uasghrádú teicniúil ar ardán comhair na bhFoirne Comhpháirteacha um Imscrúdú, uasghrádú a bhféadfadh costais mhóra a bheith mar thoradh air, cuirfidh eu-LISA Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle ar an eolas sula ndéanfar an t-uasghrádú.
6. Dhá bhliain tar éis thús oibríochtaí ardán comhair na bhFoirne Comhpháirteacha um Imscrúdú agus gach bliain ina dhiaidh sin, cuirfidh eu-LISA tuarascáil ar fheidhmiú teicniúil ardán comhair na bhFoirne Comhpháirteacha um Imscrúdú, lena n-áirítear a shlándáil, faoi bhráid an Choimisiúin.
7. Ceithre bliana tar éis thús oibríochtaí ardán comhair na bhFoirne Comhpháirteacha um Imscrúdú agus gach ceithre bliana ina dhiaidh sin, déanfaidh an Coimisiún meastóireacht fhoriomlán ar ardán comhair na bhFoirne Comhpháirteacha um Imscrúdú. Tarchuirfidh an Coimisiún an tuarascáil fhoriomlán mheastóireachta chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle.

8. Déanfaidh údaráis inniúla na mBallstát, Eurojust, Europol, Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh, OLAF agus comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí inniúla eile de chuid an Aontais cibé faisnéis is gá a sholáthar do eu-LISA agus don Choimisiún chun na tuarascálacha dá dtagraítear i míreanna 4 agus 7 a dhréachtú. Ní chuirfidh an fhaisnéis sin aon mhodh oibre i gcontúirt ná ní bheidh faisnéis ar áireamh inti ina nochtfar foinsí, ainmneacha comhaltaí foirne ná imscrúduithe.
9. Soláthróidh eu-LISA don Choimisiún an fhaisnéis is gá chun an mheastóireacht fhoriomlán dá dtagraítear i mír 7 a dhéanamh.

Airteagal 23

Costais

Is as buiséad ginearálta an Aontais a sheasfar na costais a thabhófar i mbunú agus oibriú ardán comhair na bhFoirne Comhpháirteacha um Imscrúdú.

Airteagal 24

Tús oibríochtaí

1. Cinnfidh an Coimisiún an dáta a chuirfear tús le hoibríochtaí ardán comhair na bhFoirne Comhpháirteacha um Imscrúdú, a luaithe a bheidh sé sásta go bhfuil na coinníollacha seo a leanas á gcomhlíonadh:
 - (a) go mbeidh na gníomhartha cur chun feidhme ábhartha dá dtagraítear in Airteagal 6 glactha;
 - (b) go mbeidh tástáil chuimsitheach ar ardán comhair na bhFoirne Comhpháirteacha um Imscrúdú déanta ag eu-LISA, i gcomhar leis na Ballstáit, agus úsáid á baint as sonraí tástála anaithnide.
2. I gcás ina gcinnfidh an Coimisiún an dáta a chuirfear tús leis na hoibríochtaí i gcomhréir le mír 1, cuirfidh sé an dáta sin in iúl do na Ballstáit, Eurojust, Europol, Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh agus OLAF.
3. An cinneadh ón gCoimisiún lena gcinnfear an dáta a chuirfear tús le hoibríochtaí ardán comhair na bhFoirne Comhpháirteacha um Imscrúdú, dá dtagraítear i mír 1, déanfar é a fhoilsiú in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.
4. Tosóidh úsáideoirí ardán comhair na bhFoirne Comhpháirteacha um Imscrúdú ag baint úsaide as ardán comhair na bhFoirne Comhpháirteacha um Imscrúdú ón dáta a chinnfidh an Coimisiún i gcomhréir le mír 1.

Airteagal 25

Nós imeachta coiste

1. Tabharfaidh coiste cúnamh don Choimisiún. Beidh an coiste sin ina choiste de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.
2. I gcás ina ndéanfar tagairt don Airteagal seo, beidh feidhm ag Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.
3. I gcás nach dtabharfaidh an coiste aon tuairim, ní dhéanfaidh an Coimisiún an dréachtghníomh cur chun feidhme a ghlacadh agus beidh feidhm ag Airteagal 5(4), an tríú fomhír, de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

Leasuithe ar Rialachán (AE) 2018/1726

Leasaítear Rialachán (AE) 2018/1726 mar a leanas:

(1) in Airteagal 1, cuirtear isteach an mhír seo 4a leanas:

‘4a. Beidh an Ghníomhaireacht freagrach as forbairt agus bainistiú oibríochtúil ardán comhair na bhFoirne Comhpháirteacha um Imscrúdú, lena n-áirítear forbairtí teicniúla’;

(2) cuirtear isteach an tAirteagal 8b seo a leanas:

‘Airteagal 8b

Cúraimí a bhaineann le hardán comhair na bhFoirne Comhpháirteacha um Imscrúdú

I ndáil le hardán comhair na bhFoirne Comhpháirteacha um Imscrúdú, déanfaidh an Ghníomhaireacht an méid seo a leanas:

(a) na cúraimí a thugtar dó le Rialachán (AE) Uimh. XXX/20XX ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle*;

(b) cúraimí a bhaineann le hoiliúint maidir le húsáid theicniúil ardán comhair na bhFoirne Comhpháirteacha um Imscrúdú, lena n-áirítear ábhair oiliúna ar líne a sholáthar.

* Rialachán (AE) Uimh. XXX/20XX ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear ardán comhair láraithe chun tacú le feidhmiú na bhFoirne Comhpháirteacha um Imscrúdú agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2018/1726 (IO L...);

(3) in Airteagal 14, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

‘1. Déanfaidh an Ghníomhaireacht faireachán ar na forbairtí i dtaighde is ábhartha do bhainistiú oibríochtúil SIS II, VIS, Eurodac, EES, ETIAS, DubliNet, ECRIS-TCN, e-CODEX, ardán comhair na bhFoirne Comhpháirteacha um Imscrúdú agus córais mhórscaála TF eile dá dtagraítear in Airteagal 1(5).’;

(4) in Airteagal 19(1), cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (ff):

‘(ff) tuarascálacha a ghlacadh ar fheidhmiú teicniúil an mhéid seo a leanas:

(i) SIS de bhun Airteagal 60(7) de Rialachán (AE) 2018/1861 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle* agus Airteagal 74(8) de Rialachán (AE) 2018/1862 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle**;

(ii) VIS de bhun Airteagal 50(3) de Rialachán (CE) Uimh. 767/2008 agus Airteagal 17(3) de Chinneadh 2008/633/CGB;

(iii) EES de bhun Airteagal 72(4) de Rialachán (AE) 2017/2226;

(iv) ETIAS de bhun Airteagal 92(4) de Rialachán (AE) 2018/1240;

(v) ECRIS-TCN agus bogearraí tagartha do chur chun feidhme ECRIS de bhun Airteagal 36(8) de Rialachán (AE) 2019/816 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle***;

(vi) na comhpháirteanna idir-inoibritheachta de bhun Airteagal 78(3) de Rialachán (AE) 2019/817 agus Airteagal 74(3) de Rialachán (AE) 2019/818;

(vii) an córas e-CODEX de bhun Airteagal 14(1) de Rialachán (AE) XXX****;

(viii) ardán comhair na bhFoirne Comhpháirteacha um Imscrúdú de bhun Airteagal xx de Rialachán (AE) XXX***** [an Rialachán seo];

* Rialachán (AE) 2018/1861 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Samhain 2018 maidir le Córas Faisnéise Schengen a bhunú, a oibriú agus a úsáid i réimse na seiceálacha teorann, lena leasaítear an Coinbhinsiún lena gcuirtear Comhaontú Schengen chun feidhme, agus lena leasaítear agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1987/2006 (IO L 312, 7.12.2018, lch. 14).

** Rialachán (AE) 2018/1862 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Samhain 2018 maidir le Córas Faisnéise Schengen (SIS) a bhunú, a oibriú agus a úsáid i réimse an chomhair póilíneachta agus an chomhair bhreithiúnaigh in ábhair choiriúla, lena leasaítear agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2007/533/CGB ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1986/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Cinneadh 2010/261/AE ón gCoimisiún (IO L 312, 7.12.2018, lch. 56).

*** Rialachán (AE) 2019/816 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Aibreán 2019 lena mbunaítear córas láraithe leis na Ballstáit a shainaithint ag a bhfuil faisnéis faoi chiontuithe náisiúnach tríú tír agus daoine gan stát (ECRIS-TCN) chun an Córas Faisnéise Eorpach um Thaifid Choiriúla a fhorlíonadh agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2018/1726 (IO L 135, 22.5.2019, lch. 1).

**** Rialachán (AE) XXX an ... (IO L ...).

***** Rialachán (AE) XXX an ... (IO L ...).’;

(5) in Airteagal 27(1), cuirtear isteach pointe (dc) mar a leanas:

‘(dc) Grúpa Comhairleach ardán comhair na bhFoirne Comhpháirteacha um Imscrúdú;’.

Airteagal 27

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát i gcomhréir leis na Conarthaí.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann Pharlaimint na hEorpa
An tUachtarán*

*Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán*

RÁITEAS AIRGEADAIS REACTACH

Ábhair

1.	COMHTHÉACS AN TOGRA.....	1
2.	BUNÚS DLÍ, COIMHDEACT AGUS COMHRÉIREACT.....	5
3.	TORTHAÍ AR MHEASTÓIREACTAÍ EX POST, AR CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS AR MHEASÚNUTHE TIONCHAI7	
4.	IMPLEACTAÍ BUISÉADACHA.....	11
5.	EILIMINTÍ EILE.....	12
1.	LEAGAN AMACH AN TOGRA/TIONSCNAIMH.....	41
1.1.	Teideal an togra/tionscnaimh.....	41
1.2.	Réimsí beartais lena mbaineann.....	41
1.3.	Baineann an togra le:.....	41
1.4.	Cuspóirí.....	41
1.4.1.	Cuspóirí ginearálta.....	41
1.4.2.	Cuspóirí sonracha.....	41
1.4.3.	An toradh agus an tionchar a bhfuil súil leo.....	41
1.4.4.	Táscairí feidhmíochta.....	41
1.5.	Forais an togra/tionscnaimh.....	42
1.5.1.	Na ceanglais is gá a chomhlíonadh sa ghearrthearma nó san fhadtearma, lena n-áirítear amlíne mhionsonraithe maidir le cur chun feidhme céimneach an tionscnaimh.....	42
1.5.2.	Breisluch a bhaineann le rannpháirteachas an Aontais (d'fhéadfadh an breisluch a bheith ann mar thoradh ar fhachtóirí éagsúla, e.g. gnóthachain de thoradh comhordú, deimhneacht dhlíthiúil, breis éifeachtachta nó comhlántachtaí). Chun críocha an phointe seo, is é a chiallaíonn 'breisluch a bhaineann le rannpháirteachas an Aontais' an luach a thagann as idirghabháil an Aontais ar luach é atá sa bhreis ar an luach a bheadh ann dá mbeadh na Ballstáit ag feidhmiú leo féin.	42
1.5.3.	Ceachtanna a foghlaimíodh ó thaithí eile den sórt sin san am a chuaigh thart.....	42
1.5.4.	Comhoiriúnacht don Chreat Airgeadais Ilbhliantúil agus sineirgí a d'fhéadfadh a bheith ann le hionstraimí iomchuí eile.....	43
1.5.5.	Measúnú ar na roghanna éagsúla maoinithe atá ar fáil, lena n-áirítear na féidearthachtaí athshannadh a dhéanamh.....	43
1.6.	Fad agus tionchar airgeadais an togra/tionscnaimh.....	43
1.7.	Modhanna bainistíochta atá beartaithe.....	43
2.	BEARTA BAINISTÍOCHTA.....	45
2.1.	Rialacha faireacháin agus tuairiscithe.....	45

2.2.	Córais bainistíochta agus rialaithe	45
2.2.1.	An bonn cirt atá leis na modhanna bainistíochta, le sásraí cur chun feidhme an chistithe, leis na módúlachtaí íocaíochta agus leis an straitéis rialaithe atá beartaithe	45
2.2.2.	Faisnéis faoi na rioscaí a aithníodh agus na córais rialaithe inmheánacha a cuireadh ar bun chun na rioscaí a mhaolú.....	46
2.2.3.	Meastachán ar chost-éifeachtúlacht na rialuithe agus an bonn cirt atá leis sin (cóimheas ‘costais rialaithe ÷ luach na gcistí gaolmhara arna mbainistiú’) agus measúnú ar an leibhéal riosca earráide a mheastar a bheidh ann (tráth an íocaíochta a dhéanamh agus tráth an clár a dhúnadh)	46
2.3.	Bearta chun calaois agus neamhrialtachtaí a chosc.....	46
3.	AN TIONCHAR AIRGEADAIS A MHEASTAR A BHEIDH AG AN TOGRA/TIONSCNAMH	47
3.1.	Ceannteidil an chreata airgeadais ilbhliantúil agus na línte buiséid ar a n-imreofar tionchar.....	47
3.2.	An tionchar a mheastar a bheidh ag an togra/tionscnamh ar chaiteachas	48
3.2.1.	Achoimre ar an tionchar a mheastar a bheidh ag an togra/tionscnamh ar chaiteachas	48
3.2.2.	An tionchar a mheastar a bheidh ag an togra/tionscnamh ar leithreasuithe Eurojust	52
3.2.3.	An tionchar a mheastar a bheidh ar leithreasuithe faoi chomhair eu-LISA	54
3.2.4.	An tionchar a mheastar a bheidh ag an togra/tionscnamh ar leithreasuithe faoi chomhair acmhainní daonna Eurojust.....	55
3.2.5.	An tionchar a mheastar a bheidh ag an togra/tionscnamh acmhainní daonna eu-LISA	57
3.2.6.	Comhoiriúnacht don chreat airgeadais ilbhliantúil reatha	61
3.2.7.	Ranníocaíochtaí ó thríú páirtithe.....	61
3.3.	An tionchar a mheastar a bheidh ar ioncam	62

RÁITEAS AIRGEADAIS REACTACH

1. LEAGAN AMACH AN TOGRA/TIONSCNAIMH

1.1. Teideal an togra/tionscnaimh

Togra le haghaidh Rialacháin ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le hardán comhair a bhunú chun tacú le feidhmiú na bhFoirne Comhpháirteacha um Imscrúdú

1.2. Réimsí beartais lena mbaineann

Réimse beartais: Ceartas agus tomhaltóirí

Gníomhaíocht: Ceartas

1.3. Baineann an togra le:

☒ beart nua

☐ beart nua a leanann treoirthionscadal/réamhbheart³²

☐ síneadh ar bheart atá ann cheana

☐ beart nó bearta a chumasc nó a atreorú i dtreo beart eile/beart nua

1.4. Cuspóirí

1.4.1. Cuspóirí ginearálta

Chun tacaíocht theicneolaíoch a chur ar fáil dóibh siúd a bhfuil baint acu le JITanna chun éifeachtúlacht agus éifeachtacht a gcuid imscrúduithe agus ionchúiseamh trasteorann a mhéadú.

1.4.2. Cuspóirí sonracha

1. Chun a chinntiú gur féidir le comhaltaí agus rannpháirtithe JITanna faisnéis agus fianaise a bhailítear le linn ghníomhaíochtaí JIT a chomhroinnt ar bhealach níos éasca.
2. Chun a chinntiú gur féidir le comhaltaí agus rannpháirtithe JITanna cumarsáid níos éasca agus níos sábháilte a dhéanamh le chéile i gcomhthéacs ghníomhaíochtaí JIT.
3. Chun comhbhainistiú laethúil JIT a éascú, lena n-áirítear ghníomhaíochtaí comhthreomhara a phleanáil agus a chomhordú, inrianaitheacht malartaithe fianaise agus comhordú le tríú tíortha a fheabhsú, go háirithe i gcás ina mbíonn cruinnithe fisiciúla rófhada nó ró-íditheach.

1.4.3. An toradh agus an tionchar a bhfuil súil leo

Sonraigh an tionchar a bheadh ag an togra/tionscnamh ar na tairbhíthe/grúpaí ar a bhfuil sé dírithe.

Táthar ag súil go méadóidh an tionscnamh éifeachtúlacht agus éifeachtacht na n-imscrúduithe agus na n-ionchúiseamh trasteorann arna ndéanamh ag JITanna.

1.4.4. Táscairí feidhmiúcháin

Sonraigh na táscairí chun faireachán a dhéanamh ar dhul chun cinn agus ar ghnóthachain.

– Líon na JITanna a chláraítear ar an ardán gach bliain

³²

Mar a thagraítear dó in Airteagal 58(2)(a) nó (b) den Rialachán Airgeadais.

- Meánfhad JIT á óstáil ar an ardán
- Líon úsáideoirí ardáin comhoibrithe JITanna
- Líon úsáideoirí ardáin comhoibrithe JITanna a dhéanann ionadaíocht thar ceann tríú tíortha
- Líon na n-úsáideoirí comhoibrithe JITanna a dhéanann ionadaíocht ar chomhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí inniúla an Aontais
- Líon na meastóireachtaí JIT a rinneadh tríd an ardán
- Líon na gcuartheanna ar an gcóras faisnéise láraithe
- Líon íoslódálacha na mbogearraí cumarsáide

1.5. Forais an togra/tionscnaimh

1.5.1. *Na ceanglais is gá a chomhlíonadh sa ghearrthéarma nó san fhadtéarma, lena n-áirítear amlíne mhionsonraithe maidir le cur chun feidhme céimneach an tionscnaimh*

Is iad seo a leanas na príomhcheanglais a leanann theacht i bhfeidhm an Rialacháin:

- Bailiú ceanglas agus tionscnamh soláthair ag eu-LISA – in 2024
- Tús a chur le cur chun feidhme ardán comhoibrithe JITanna ag eu-LISA – in 2025
- Dul beo ar ardán comhoibrithe na JITanna – 01/2026
- Ardán comhoibrithe na JITanna a chothabháil agus a oibriú – ó 01/2026 ar aghaidh

1.5.2. *Breisluch a bhaineann le rannpháirteachas an Aontais (d'fhéadfadh an breisluch a bheith ann mar thoradh ar fhachtóirí éagsúla, e.g. gnóthachain de thoradh comhordú, deimhneacht dhlíthiúil, breis éifeachtachta nó comhlántachtaí). Chun críocha an phointe seo, is é a chiallaíonn 'breisluch a bhaineann le rannpháirteachas an Aontais' an luach a thagann as idirghabháil an Aontais ar luach é atá sa bhreis ar an luach a bheadh ann dá mbeadh na Ballstáit ag feidhmiú leo féin.*

Ní féidir ardán TF caighdeánaithe aonchineálach a chruthú chun tacú le JITanna, rud a chuirfidh ar chumas na mBallstát úsáid a bhaint as réiteach teicneolaíochta nach bhfuil ag brath ar an mbonneagar náisiúnta TF, ní féidir é a bhaint amach go haontaobhach ar leibhéal na mBallstát ná go déthaobhach idir na Ballstáit. Is é an t-ardán uile-Aontais an t-aon bhealach amháin chun réiteach teicniúil aontaithe nua-aimseartha a chur ar fáil do JITanna, rud a chuirfeadh ar a gcumas a n-imscrúduithe trasteorann a dhéanamh ar bhealach níos éifeachtúla.

1.5.3. *Ceachtanna a foghlaimíodh ó thaithí eile den sórt sin san am a chuaigh thart*

Ní raibh aon tionscadal comhchosúil ann a bhaineann le tacaíocht theicneolaíoch a thabhairt do JITanna.

1.5.4. *Comhoiriúnacht don Chreat Airgeadais Ilbhliantúil agus sineirgí a d'fhéadfadh a bheith ann le hionstraimí iomchuí eile*

Cuid ríthábhachtach chun limistéar saoirse, slándála agus ceartais a chruthú is ea treisiú na n-imscrúduithe coiriúla agus na n-ionchúiseamh trasteorann a dhéanann na Comhfhoirne Imscrúdaithe.

Tá sé i gcomhréir freisin le straitéis Aontas Slándála an Aontais Eorpaigh, leis an gclár oibre frithsceimhlitheoireachta don Aontas Eorpach, leis an Teachtaireacht maidir le digitíú an cheartais agus le straitéis an Aontais chun dul i ngleic leis an gcoireacht eagraithe.

Sa Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir leis an gceartas a dhigitíú, tagraítear don togra seo mar chuid den bhosca uirlisí foriomlán do dheiseanna chun an ceartas a dhigitíú tuilleadh. Tá an togra seo san áireamh i gclár oibre an Choimisiúin do 2021.

1.5.5. *Measúnú ar na roghanna éagsúla maoinithe atá ar fáil, lena n-áirítear na féidearthachtaí athshannadh a dhéanamh*

Ba cheart do bhuiséad an Aontais na costais a bhaineann le bunú agus cothabháil ardán comhair JITanna a íoc agus ba cheart iad a léiriú i mbuiséad na ngníomhaireachtaí lena mbaineann – eu-LISA agus Eurojust.

1.6. **Fad agus tionchar airgeadais an togra/tionscnaimh**

☐ **tréimhse theoranta**

- ☐ i bhfeidhm ón [LL/MM]BBBB go dtí an [LL/MM]BBBB
- ☐ Tionchar airgeadais ó BBBB go BBBB maidir le leithreasuithe faoi chomhair gealltanais agus ó BBBB go BBBB maidir le leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí.

☒ **tréimhse neamhtheoranta**

- Cuirfear chun feidhme é le linn na tréimhse tosaigh BBBB go BBBB,
- agus cuirfear ag feidhmiú go hiomlán ina dhiaidh sin é.

1.7. **Modhanna bainistíochta atá beartaithe**

☐ **Bainistíocht dhíreach** a dhéanann an Coimisiún

- ☐ ina ranna, lena n-áirítear an chuid sin den fhoireann atá i dtoscaireachtaí an Aontais;
- ☐ trí na gníomhaireachtaí feidhmiúcháin

☐ **Bainistíocht atá comhroinnte** leis na Ballstáit

☒ **Bainistíocht indíreach** trí chúraimí a bhaineann le cur chun feidhme an bhuiséid a shannadh dóibh seo a leanas:

- ☐ tríú tíortha nó na comhlachtaí a d'ainmnigh siad;
- ☐ eagraíochtaí idirnáisiúnta agus a ngníomhaireachtaí (tabhair sonraí);
- ☐ BEI agus an Ciste Eorpach Infheistíochta;
- ☒ comhlachtaí dá dtagraítear in Airteagail 70 agus 71 den Rialachán Airgeadais;;

- ☐ comhlachtaí dlí poiblí;
- ☐ comhlachtaí arna rialú ag an dlí príobháideach agus a bhfuil misean seirbhíse poiblí acu sa mhéid go soláthraítear ráthaíochtaí leordhóthanacha airgeadais dóibh;
- ☐ comhlachtaí arna rialú ag dlí príobháideach Ballstáit, ar comhlachtaí iad a bhfuil sé de chúram orthu comhpháirtíochtaí príobháideacha poiblí a chur chun feidhme agus dá soláthraítear ráthaíochtaí leordhóthanacha airgeadais;
- ☐ daoine a gcuirtear de chúram orthu bearta sonracha a chur chun feidhme in CBES de bhun Theideal V de CAE, ar daoine iad a aithnítear sa bhunghníomh ábhartha.

2. BEARTA BAINISTÍOCHTA

2.1. Rialacha faireacháin agus tuairiscithe

Sonraigh minicíocht na mbeart agus na coinníollacha atá leo.

Tá sé ríthábhachtach faireachán agus meastóireacht a dhéanamh ar fhorbairt agus ar fheidhmiú teicniúil ardán comhoibrithe JITanna agus cuirfear i bhfeidhm é trí na prionsabail a leagtar amach sa chur chuige coiteann maidir le gníomhaireachtaí díláraithe a leanúint.

Ar an gcéad dul síos, ní mór do eu-LISA agus Eurojust Doiciméad Clársceidealaithe Aonair (SPD) a chur chuig an gCoimisiún, chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle gach bliain, ina mbeidh cláir oibre ilbhliantúla agus bhliantúla agus clársceidealú acmhainní. Leagfar amach sa doiciméad clársceidealaithe aonair na cuspóirí, na torthaí a bhfuiltear ag súil leo agus na táscairí feidhmíochta chun faireachán a dhéanamh ar ghnóthachtáil na gcuspóirí agus na dtorthaí.

A luaithe a chuirfear bailchríoch ar fhorbairt ardán comhoibrithe JITanna, chuirfeadh eu-LISA tuarascáil faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle ina míneofaí an chaoi ar baineadh amach na cuspóirí, go háirithe i dtaca le planáil agus costais.

Dhá bhliain tar éis d'ardán comhoibrithe JITanna tosú agus gach bliain ina dhiaidh sin, chuirfeadh eu-LISA tuarascáil ar fheidhmiú teicniúil ardán comhair JIT, lena n-áirítear slándáil ardán comhair na JIT, faoi bhráid an Choimisiúin.

Ceithre bliana tar éis d'ardán comhoibrithe na JITanna tosú agus gach 4 bliana ina dhiaidh sin, dhéanfaidh an Coimisiún meastóireacht fhoriomlán ar ardán comhoibrithe na JITanna. Tharchuirfeadh an Coimisiún an tuarascáil fhoriomlán mheastóireachta chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle.

2.2. Córais bainistíochta agus rialaithe

2.2.1. *An bonn cirt atá leis na modhanna bainistíochta, le sásraí cur chun feidhme an chistithe, leis na módúlachtaí íocaíochta agus leis an straitéis rialaithe atá beartaithe*

Ós rud é go mbeidh tionchar ag an togra ar ranníocaíocht bhliantúil an Aontais chuig eu-LISA agus chuig Eurojust, cuirfear buiséad an Aontais chun feidhme trí bhainistíocht indíreach.

De bhun phrionsabal na bainistíochta fóna airgeadais, cuirfear buiséad an dá ghníomhaireacht chun feidhme i gcomhréir le rialú inmheánach éifeachtach agus éifeachtúil.

Maidir le rialuithe ex post, tá an dá ghníomhaireacht faoi réir:

- iniúchadh inmheánach arna dhéanamh ag an tSeirbhís um Iniúcháireacht Inmheánach de chuid an Choimisiúin;
- tuarascálacha bliantúla ón gCúirt Iniúcháirí, lena dtugtar ráiteas dearbhaithe maidir le hiontaofacht na gcuntas bliantúil agus dlíthiúlacht agus rialtacht na n-idirbheart is bun leo;
- urscaoileadh bliantúil a dheonaíonn Parlaimint na hEorpa;

- imscrúduithe féideartha arna ndéanamh ag OLAF chun a áirithiú, go háirithe, go mbainfear úsáid cheart as na hacmhainní a leithdháiltear ar ghníomhaireachtaí;
- sraith eile rialaithe agus cuntasachta ón Ombudsman Eorpach.

2.2.2. *Faisnéis faoi na rioscaí a aithníodh agus na córais rialaithe inmheánacha a cuireadh ar bun chun na rioscaí a mhaolú*

Níor aithníodh aon rioscaí sonracha ag an gcéim seo.

2.2.3. *Meastachán ar chost-éifeachtúlacht na rialuithe agus an bonn cirt atá leis sin (cóimheas ‘costais rialaithe ÷ luach na gcistí gaolmhara arna mbainistiú’) agus measúnú ar an leibhéal riosca earráide a mheastar a bheidh ann (tráth an íocaíocht a dhéanamh agus tráth an clár a dhúnadh)*

Tuairiscíonn an Coimisiún ar an gcóimheas “costais rialaithe/íocaíocht na gcistí gaolmhara arna mbainistiú”. Tuairiscíonn AAR 2020 ó AS JUST 0.74 % don chóimheas sin i ndáil le hEintitis Iontaobhaithe Bainistíochta Indíriú agus le Gníomhaireachtaí Díláraithe.

2.3. **Bearta chun calaois agus neamhrialtachtaí a chosc**

Sonraigh na bearta coisctheacha agus cosanta atá ann cheana nó atá beartaithe, e.g. ón Straitéis Frithchalaoise.

Leagtar amach na bearta a bhaineann le calaois, éilliú agus gníomhaíochtaí neamhdhleathacha eile a chomhrac, inter alia, in Airteagal 50 de Rialachán eu-LISA agus in Airteagal 75 de Rialachán Eurojust. Glacfaidh an dá ghníomhaireacht páirt i ngníomhaíochtaí coiscthe calaoise de chuid na hOifige Eorpaí Frith-Chalaoise agus cuirfidh siad an Coimisiún ar an eolas gan mhoill faoi chásanna calaoise a thóimhdítear agus faoi neamhrialtachtaí eile airgeadais

3. AN TIONCHAR AIRGEADAIS A MHEASTAR A BHEIDH AG AN TOGRA/TIONSCNAMH

3.1. Ceannteidil an chreata airgeadais ilbhliantúil agus na línte buiséid ar a n-imreofar tionchar

- Línte buiséid atá ann cheana

In ord cheannteidil agus línte buiséid an chreata airgeadais ilbhliantúil.

Ceannteide al an chreata airgeadais ilbhliantúil	Líne bhuiséid	Saghas caiteachais	Ranníocaíocht			
	Uimhir	LD/LN ³³	ó thíortha de chuid CSTE ³⁴	ó thíortha is iarrthóirí ³⁵	ó thíortha	de réir bhrí Airteagal 21(2)(b) den Rialachán Airgeadais
1	An margadh aonair, an nuálaíocht agus an saol digiteach	LD/LN.	NÍL	NÍL	NÍL	NÍL
2	An comhtháthú, an athléimneacht agus luachanna	LD/LN.	NÍL	NÍL	NÍL	NÍL
4	Imirce agus rialú teorann	LD/LN.	NÍL	NÍL	NÍL	NÍL
7	An riarachán poiblí Eorpach	LN.	NÍL	NÍL	NÍL	NÍL

- Línte nua buiséid atá á n-iarraidh

In ord cheannteidil agus línte buiséid an chreata airgeadais ilbhliantúil.

Ceannteide al an chreata airgeadais ilbhliantúil	Líne bhuiséid	Saghas caiteachais	Ranníocaíocht			
	Uimhir	LD/LN.	ó thíortha de chuid CSTE	ó thíortha is iarrthóirí	ó thíortha	de réir bhrí Airteagal 21(2)(b) den Rialachán Airgeadais
	[XX.YY.YY.YY]		TÁ/NÍL	TÁ/NÍL	TÁ/NÍL	TÁ/NÍL

³³ LD = Leithreasuithe difreáilte / LN = Leithreasuithe neamhdhifreáilte.

³⁴ CSTE: Comhlachas Saorthrádála na hEorpa.

³⁵ Tíortha is iarrthóirí agus, nuair is iomchuí, tíortha ó na Balcáin Thiar a d'fhéadfadh a bheith ina n-iarrthóirí.

3.2. An tionchar a mheastar a bheidh ag an togra/tionscnamh ar chaiteachas

3.2.1. Achoimre ar an tionchar a mheastar a bheidh ag an togra/tionscnamh ar chaiteachas

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

Ceannteideal an chreata airgeadais ilbhliantúil	1	An margadh aonair, nuálaíocht agus digiteach (líne buiséid 02.04). Cuirfear na leithreasuithe ar fáil ón gClár don Eoraip Dhigiteach i gcomhthéacs ullmhú na gClár Oibre 2023-2027 agus trí chomhaontú ranníocaíochta bunaithe ar Airteagal 7 den Rialachán Airgeadais. Beidh a leithdháileadh deiridh faoi réir tosaíocht a thabhairt do chistiú i gcomhthéacs nós imeachta glactha an bhoinn taca agus chomhaontú Choiste ábhartha an Chláir.
--	---	--

eu-LISA			Bliain 2024³⁶	Bliain 2025	Bliain 2026	Bliain 2027	IOMLÁN 2024-2027
Teideal 1: Caiteachas foirme	Gealltanais	(1)	0.608	1.216	1.380	1.380	4.584
	Íocaíochtaí	(2)	0.608	1.216	1.380	1.380	4.584
Teideal 2: Caiteachas ar bhonneagar agus caiteachas oibríochtúil	Gealltanais	(1a)					
	Íocaíochtaí	(2a)					
Teideal 3: Caiteachas oibríochtúil	Gealltanais	(3a)	3.000	2.900	1.700	1.700	9.300
	Íocaíochtaí	(3b)		3.000	4.600	1.700	9.300
IOMLÁN leithreasuithe le haghaidh eu-LISA	Gealltanais	=1+1a +3a	3.608	4.116	3.080	3.080	13.884
	Íocaíochtaí	=2+2a +3b	0.608	4.216	5.980	3.080	13.884

³⁶ Is í an bhliain 2024 an bhliain ina gcuirfear tús le cur chun feidhme an togra – tar éis an ghlactha atá beartaithe in 2023.

Ceannteideal an chreata airgeadais ilbhliantúil	2	An comhtháthú, an athléimneacht agus luachanna
--	----------	---

Eurojust			Bliain 2024³⁷	Bliain 2025	Bliain 2026	Bliain 2027	IOMLÁN 2024-2027
Teideal 1: Caiteachas foirne	Gealltanais	(1)		0.086	0.346	0.519	0.951
	Íocaíochtaí	(2)		0.086	0.346	0.519	0.951
Teideal 2: Caiteachas ar bhonneagar agus caiteachas oibríochtúil	Gealltanais	(1a)					
	Íocaíochtaí	(2a)					
Teideal 3: Caiteachas oibríochtúil	Gealltanais	(3a)		0.250			0.250
	Íocaíochtaí	(3b)		0.250			0.250
IOMLÁN leithreasuithe le haghaidh Eurojust	Gealltanais	=1+1a +3a		0.336	0.346	0.519	1.201
	Íocaíochtaí	=2+2a +3b		0.336	0.346	0.519	1.201

³⁷

Is í an bhliain 2024 an bhliain ina gcuirfear tús le cur chun feidhme an togra – tar éis an ghlactha atá beartaithe in 2023.

Ceannteideal an chreata airgeadais ilbhliantúil	4	Imirce agus rialú teorann
---	---	---------------------------

eu-LISA			Bliain 2024 ³⁸	Bliain 2025	Bliain 2026	Bliain 2027	IOMLÁN 2024-2027
Teideal 1: Caiteachas foirne	Gealltanais	(1)					
	Íocaíochtaí	(2)					
Teideal 2: Caiteachas ar bhonneagar agus caiteachas oibríochtúil	Gealltanais	(1a)					
	Íocaíochtaí	(2a)					
Teideal 3: Caiteachas oibríochtúil	Gealltanais	(3a)		2.500			2.500
	Íocaíochtaí	(3b)			2.500		2.500
IOMLÁN leithreasuithe le haghaidh eu-LISA	Gealltanais	=1+1a +3a		2.500			2.500
	Íocaíochtaí	=2+2a +3b			2.500		2.500

³⁸

Is í an bhliain 2024 an bhliain ina gcuirfear tús le cur chun feidhme an togra – tar éis an ghlactha atá beartaithe in 2023.

Ceannteideal an chreata airgeadais ilbhliantúil	7	An riarachán poiblí Eorpach
---	---	-----------------------------

		Bliain 2024	Bliain 2025	Bliain 2026	Bliain 2027	IOMLÁN 2024-2027
ARD-STIÚRTHÓIREACHT AN CHEARTAIS						
• Acmhainní Daonna		0.152	0.152	0.152	0.152	0.608
• Caiteachas riaracháin eile						
IOMLÁN AS JUST	Leithreasuithe	0.152	0.152	0.152	0.152	0.608

IOMLÁN leithreasuithe faoi CHEANNTÉIDEAL 7 den chreat airgeadais ilbhliantúil	(Iomlán gealltanais = Iomlán íocaíochtaí)	0.152	0.152	0.152	0.152	0.608
---	---	-------	-------	-------	-------	-------

		Bliain 2024	Bliain 2025	Bliain 2026	Bliain 2027	IOMLÁN 2024-2027
IOMLÁN leithreasuithe faoi CHEANNTÉIDIL 1 go 7 den chreat airgeadais ilbhliantúil	Gealltanais	3.760	7.104	3.578	3.751	18.193
	Íocaíochtaí	0.760	4.704	8.978	3.751	18.193

3.2.2. An tionchar a mheastar a bheidh ag an togra/tionscnamh ar leithreasuithe Eurojust

- ☐ Ní éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí
- ☒ Éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí mar a mhínítear thíos:

Leithreasuithe faoi chomhair gealltanais in EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

Sonraigh cuspóirí agus aschuir Eurojust ↓			Bliain 2024		Bliain 2025		Bliain 2026		Bliain 2027		IOMLÁN 2024-2027	
	Saghas	Meánc hostas	Líon	Costas	Líon	Costas	Líon	Costas	Líon	Costas	Líon iomlán	Costas iomlán
CUSPÓIR SONRACH Uimh 1 Na hoiriúnuithe teicniúla is gá ar chórais ábhartha TF Eurojust a fhorbairt												
Forbairt a dhéanamh ar na hoiriúnuithe teicniúla is gá ar chórais TF ábhartha Eurojust						0.250						0.250
An fhoireann inmheánach is gá chun na hoiriúnuithe teicniúla a fhorbairt						0.086		0.173		0.173		0.432
Fo-iomlán do chuspóir sonracha Uimh						0.336		0.173		0.173		0.682

1											
CUSPÓIR SONRACH Uimh 2 Tacaíocht riaracháin a thabhairt d'úsáideoirí ardáin comhoibrithe na JITanna											
An fhoireann inmheánach is gá chun tacaíocht riaracháin a thabhairt d'úsáideoirí ardáin chomhoibrithe JITanna							0.173		0.346		0.519
Fo-iomlán do chuspóir sonrach Uimh 2							0.173		0.346		0.519
COSTAS IOMLÁN											1.201

3.2.3. An tionchar a mheastar a bheidh ar leithreasuithe faoi chomhair eu-LISA

- ☐ Ní éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí
- ☒ Éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí mar a mhínítear thíos:

Leithreasuithe faoi chomhair gealltanas in EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

Sonraigh cuspóirí agus aschuir eu-LISA ↓			Bliain 2024		Bliain 2025		Bliain 2026		Bliain 2027		IOMLÁN 2024-2027	
	Saghas	Meán chostas	Líon	Costas	Líon	Costas	Líon	Costas	Líon	Costas	Líon iomlán	Costas iomlán
CUSPÓIR SONRACH Uimh 1 Ardán comhoibrithe na JITanna a fhorbairt												
Seirbhísí Gairmiúla – costais deartha, forbartha agus tástála (conraitheoirí)				0.500		0.200						0.700
Dearadh, bainistiú, tástáil agus comhlíonadh slándála				1.000								1.000
Bonneagar (crua-earraí, bogearraí agus forálacha líonra)				0.500		4.500						5.000
Bonneagar – forbairt rialuithe slándála, anailís ar chumais slándála, comhtháthú agus faireachán				1.000		0.700						1.700
An fhoireann inmheánach is gá chun ardán comhoibrithe na JITanna a fhorbairt				0.608		1.216						1.824
Fo-iomlán do chuspóir sonrach Uimh 1				3.608		6.616						10.224
CUSPÓIR SONRACH Uimh 2 Ardán comhoibrithe na JITanna a chothabháil agus a oibriú												

Bonneagar – rialuithe slándála							0.700		0.700		1.400
Slándáil & bainistíocht							0.300		0.300		0.600
Cothabháil cheartaitheach & oiriúnaitheach – lena n-áirítear bogearraí, ceadúnú & óstáil, forálacha slándála agus éabhlóidí teicniúla							0.700		0.700		1.400
An fhoireann inmheánach atá ag teastáil chun ardán comhoibrithe na JITanna a							1.380		1.380		2.760
Fo-iomlán do chuspóir sonrach Uimh 2							3.080		3.080		6.160
COSTAS IOMLÁN			3.608		6.616		3.080		3.080		16.384

3.2.4. *An tionchar a mheastar a bheidh ag an togra/tionscnamh ar leithreasuithe faoi chomhair acmhainní daonna Eurojust*

3.2.4.1. Achoimre

- ☐ Ní éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe de chineál riaracháin
- ☒ Éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe de chineál riaracháin mar a mhínítear thíos³⁹:

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

Eurojust	Bliain 2024	Bliain 2025	Bliain 2026	Bliain 2027	IOMLÁN 2024-2027
-----------------	--------------------	--------------------	--------------------	--------------------	-------------------------

Foirne sealadacha (Gráid AD)		0.086	0.346	0.519	0.951
Foirne sealadacha (gráid AST)					
Baill foirne ar conradh					

³⁹ Is meastacháin chnacha iad na meastacháin chostais don fhoireann agus rinneadh iad ar bhonn mheánchostais na foirne sealadaí, innéacsaithe leis an gcomhéifeacht cheartúcháin is infheidhme don Ísiltír ó 07/2020 ar aghaidh (113.9 %).

Saineolaithe Náisiúnta ar Iasacht					
-----------------------------------	--	--	--	--	--

IOMLÁN		0.086	0.346	0.519	0.951
---------------	--	--------------	--------------	--------------	--------------

Riachtanais foirne⁴⁰ (FTE):

Eurojust	Bliain 2024	Bliain 2025	Bliain 2026	Bliain 2027	IOMLÁN 2024-2027
-----------------	-----------------------	-----------------------	-----------------------	-----------------------	-----------------------------

Foirne sealadacha (Gráid AD)		1	3	3	3
Foirne sealadacha (gráid AST)					
Baill foirne ar conradh					
Saineolaithe Náisiúnta ar Iasacht					

IOMLÁN		1	3	3	3
---------------	--	----------	----------	----------	----------

Beartaítear dátaí earcaíochta ag tús na bliana. Ní dhearnadh aon toimhdí maidir le méadú féideartha ar innéacsú tuarastail ná ar an gcomhéifeacht cheartúcháin is infheidhme maidir leis an Ísiltír.

An fhoireann is gá le haghaidh chuspóir SONRACH Uimh. 1 – na hoiriúnuithe teicniúla is gá a fhorbairt ar chórais ábhartha TF Eurojust:

Próifil	Uimh.	Saghas
Oifigeach TF – Ailtireacht	1	TA (AD)
IOMLÁN	1	—

An fhoireann is gá le haghaidh chuspóir sonrach Uimh. 2 – tacaíocht riaracháin a thabhairt d’úsáideoirí ardáin JITanna:

Próifil	Uimh.	Saghas
Tacaíocht riaracháin	2	TA (AD)

⁴⁰ Carnach. Baineann an uimhir a luaitear faoi gach bliain le líon na mball foirne a bhí ann roimhe agus líon na mball foirne nua-earcaithe.

IOMLÁN	2	—
---------------	----------	---

Cur síos ar na próifíilí:

Oifigeach IT – Ailtireacht – chun oibriú leis na conraitheoirí ar na doiciméid deartha agus bailíochtú a dhéanamh (ar leibhéal réitigh agus iarratais). Chomh maith leis sin, a bheith páirteach in aon chásanna gnó/úsáide/measúnachtaí ailtireachta agus Gníomhartha Cur Chun Feidhme & Tarmlichthe.
Tacaíocht riaracháin – spásanna comhoibritheacha aonair JIT a bhainistiú thar ceann chomhaltaí JIT, cuntais a chruthú, rochtain ar dhaoine arna n-údarú ag na húdaráis náisiúnta a chumasú, oiliúint agus ranganna teagaisc a chur ar fáil d'úsáideoirí, uirlisí agus ábhair a uaslódáil d'úsáideoirí ardáin, úsáideoirí tacaíochta.

3.2.5. An tionchar a mheastar a bheidh ag an togra/tionscnamh acmhainní daonna eu-LISA

3.2.5.1. Achoimre

- ☐ Ní éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe de chineál riaracháin
- ☒ Éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe de chineál riaracháin mar a mhínítear thíos⁴¹:

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

eu-LISA	Bliain 2024	Bliain 2025	Bliain 2026	Bliain 2027	IOMLÁN 2024-2027
----------------	------------------------	------------------------	------------------------	------------------------	-----------------------------

Foirne sealadacha (Gráid AD)	0.608	1.216	1.216	1.216	4.256
Foirne sealadacha (gráid AST)					
Baill foirne ar conradh			0.164	0.164	0.328
Saineolaithe Náisiúnta ar Iasacht					

IOMLÁN	0.608	1.216	1.380	1.380	4.584
---------------	--------------	--------------	--------------	--------------	--------------

Riachtanais foirne⁴² (FTE):

eu-LISA	Bliain 2024	Bliain 2025	Bliain 2026	Bliain 2027	IOMLÁN 2024-2027
----------------	------------------------	------------------------	------------------------	------------------------	-----------------------------

⁴¹ Is meastacháin charnacha iad na meastacháin chostais don fhoireann agus rinneadh iad ar bhonn an mheánchostais ar bhaill foirne shealadacha agus ar conradh.

⁴² Carnach. Baineann an uimhir a luaitear faoi gach bliain le líon na mball foirne a bhí ann roimhe agus líon na mball foirne nua-earcaithe.

Foirne sealadacha (Gráid AD)	4	8	8	8	8
Foirne sealadacha (gráid AST)					
Baill foirne ar conradh			2	2	2
Saineolaithe Náisiúnta ar Iasacht					

IOMLÁN	4	8	10	10	10
---------------	----------	----------	-----------	-----------	-----------

Beartaítear dátaí earcaíochta ag tús na bliana. Ní dhearnadh aon toimhdí maidir le méadú a d'fhéadfadh teacht ar innéacsú tuarastail ná ar an gcomhéifeacht cheartúcháin is infheidhme maidir leis an Eastóin agus leis an bhFrainc.

An fhoireann is gá le haghaidh CHUSPÓIR SONRACH Uimh. 1 – ardán comhoibrithe na JITanna a fhorbairt:

Próifil	Uimh.	Saghas
Oifigeach TF – Ailtireacht	1	TA (AD)
Bainistiú Tástálacha	1	TA (AD)
Bainistíocht Gréasáin	1	TA (AD)
Bainistiú Slándála	1	TA (AD)
Bainistíocht Bonneagair	0.5	TA (AD)
Bainistiú Cláir agus Tionscadail	1	TA (AD)
Riarachán Córais agus Feidhmchláir	0.5	TA (AD)
Seirbhísí Traschuraclaim (Airgeadas agus Soláthar agus Acmhainní Daonna)	1	TA (AD)
Caidreamh Gnó & Bainistiú Páirtithe Leasmhara	1	TA (AD)
IOMLÁN	8	—

An fhoireann is gá do chuspóir sonracha Uimh. 2 – ardán comhoibrithe na JITanna a chothabháil agus a oibriú:

Próifil	Uimh.	Saghas
Oifigeach TF – Ailtireacht	0.5	TA (AD)
Bainistiú Tástálacha	0.5	TA (AD)

Bainistiú Scaoiltí agus Athraithe	0.5	TA (AD)
Bainistíocht Gréasáin	1	TA (AD)
Bainistiú Slándála	1	TA (AD)
Oibreoir tacaíochta 1d leibhéal (24x7)	1	CA
Riarthóir tacaíochta 2 ^ú leibhéal (24x7)	1	CA
Bainistíocht Bonneagair	0.5	TA (AD)
Úinéir Táirge/Seirbhísí	1	TA (AD)
Riarachán Córais agus Feidhmchláir	1	TA (AD)
Seirbhísí Traschuraclaim (Airgeadas agus Soláthar agus Acmhainní Daonna)	1	TA (AD)
Caidreamh Gnó & Bainistiú Páirtithe Leasmhara	1	TA (AD)
IOMLÁN	10	—

Cur síos ar na próifíilí:

Oifigeach IT – Ailtireacht – chun oibriú leis na conraitheoirí ar na doiciméid deartha agus bailíochtú a dhéanamh (ar leibhéal réitigh agus iarratais). Chomh maith leis sin, a bheith páirteach in aon chásanna gnó/úsáide/measúnachtaí ailtireachta agus Gníomhartha Cur Chun Feidhme & Tarmligthe.
Bainistiú Tástála – chun an réiteach foriomlán a thástáil
Bainistiú Scaoiltí agus Athraithe – chun bainistíocht aistrithe a chinntiú, lena n-áirítear Forbairt Saolré Bogearraí (SDLC)
Bainistiú Líonra – an líonra a riaradh agus a ailtire
Bainistiú Slándála – obair a dhéanamh ar an ailtireacht slándála agus ar na rialuithe/réiteach slándála go léir atá le cur i bhfeidhm, lena n-áirítear cosaint sonraí.
Oibreoir tacaíochta 1d leibhéal (24x7) – chun an tacaíocht ar an leibhéal is lú d’ardán comhoibrithe JITanna a áirithiú, de réir mar atá san SLA
Riarthóir tacaíochta 2 ^a leibhéal (24x7) – chun an tacaíocht dara leibhéal a chinntiú d’ardán comhoibrithe JITanna, de réir SLA
Bainistiú an Bhonneagair – le bheith i gceannas ar an mbonneagar
Bainistiú Cláir agus Tionscadail – chun aire a thabhairt do chomhordú bhainistíocht iomlán an chláir/an tionscadail
Úinéir Táirge/Seirbhísí – le bheith i gceannas ar an táirge nuair a bheidh sé/sí ag feidhmiú
Riarachán Córais agus Feidhmchláir – aire a thabhairt don bhonneagar (crua-earraí, bogearraí, feidhmchlár) a thógáil agus a riar tuilleadh
Seirbhísí Traschuraclaim (Airgeadas & Soláthar agus Acmhainní Daonna) – oibriú ar ghnéithe cothrománacha a bhaineann le seirbhísí trasnaí.
Caidreamh Gnó & Bainistiú Páirtithe Leasmhara – oibriú ar riachtanais ghnó, na gníomhartha cur chun feidhme,

3.2.5.2. Ceanglais mheasta na n-acmhainní daonna a mheastar don (mháthair)- Ard- Stiúrthóireacht

- ☐ Ní éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear acmhainní daonna.
- ☒ Éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear acmhainní daonna mar a mhínítear thíos:

Sloinnfear an meastachán i méideanna iomlána (nó go dtí ionad deachúlach amháin ar a mhéad)

	Bliain 2024	Bliain 2025	Bliain 2026	Bliain 2027
• Poist don phlean bunaíochta (oifigigh agus foireann shealadach)				
20 01 02 01 agus 20 01 02 02 (Ceanncheathrú agus Oifigí Ionadaíocht an Choimisiúin)	1	1	1	1
20 01 02 03 (Toscaireachtaí)				
01 01 01 01 (Taighde indíreach)				
10 01 05 01 (Taighde díreach)				
• Foireann sheachtrach (i gcoibhéis lánaimseartha: FTE)⁴³				
20 02 01 (AC, END, INT ón 'imchlúdach iomlánaíoch')				
20 02 03 (AC, AL, END, INT agus JPD sna Toscaireachtaí)				
Líne/línte buiséid (sonraigh) ⁴⁴	- sa Cheanncheathrú ⁴⁵			
	- i dtoscaireachtaí			
01 01 01 02 (AC, END, INT – Taighde indíreach)				
10 01 05 02 (AC, END, INT – Taighde díreach)				
Línte buiséid eile (sonraigh)				

⁴³ AC = Ball foirne ar conradh; AL= Ball foirne áitiúil; END= Saineolaí náisiúnta ar iasacht; INT= Ball foirne gníomhaireachta; JPD = Saineolaithe sóisearacha i dtoscaireachtaí.

⁴⁴ Fo-uasteorainn d'fhoireann sheachtrach arna cumhdach ag leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí (na seanlínte 'BA').

⁴⁵ Le haghaidh Chistí an AE um Beartas Comhtháthaithe, an Ciste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) agus an Chiste Eorpaigh Iascaigh Mhuirí agus Dobharshaothraithe (CEMID) go príomha.

IOMLÁN	1	1	1	1
---------------	----------	----------	----------	----------

Soláthrófar na hacmhainní daonna is gá le baill foirne ón Ard-Stiúrthóireacht a bhfuil bainistíocht an bhirt faoina gcúram cheana agus/nó a ath-implonófar laistigh den Ard-Stiúrthóireacht, mar aon le haon leithdháileadh breise a d'fhéadfaí a thabhairt don Ard-Stiúrthóireacht atá i mbun bainistíochta faoi chuimsiú an nós imeachta maidir le leithdháileadh bliantúil i bhfianaise na srianta buiséadacha.

Cur síos ar na cúraimí a bheidh le déanamh:

Oifigigh agus pearsanra sealadach	• chun ionadaíocht a dhéanamh don Choimisiún ar Bhord Bainistíochta an Chláir agus ar an nGrúpa Comhairleach; • chun riachtanais ghnó a bhailiú le linn chéim deartha an tionscadail; • chun na hAchtanna Cur Chun Feidhme a bhfuil gá leo a ullmhú agus a chaibidlíú; • chun cruinnithe an tSainghrúpa faoi seach a bhainistiú; • chun cúnamh a thabhairt do eu-LISA le linn chéim forbartha an tionscadail; • chun faireachán a dhéanamh ar oibríochtaí agus ar chothabháil an ardáin.
Pearsanra seachtrach	Neamhbhainteach

Ba cheart tuairisc ar ríomh na gcostas le haghaidh aonaid FTE a áireamh in Iarscríbhinn V, roinn 3.

3.2.6. Comhoiriúnacht don chreat airgeadais ilbhliantúil reatha

- ☒ Is féidir an togra/tionscnamh a mhaoiniú go páirteach trí athshannadh laistigh den cheannteideal ábhartha den Chreat Airgeadais Ilbhliantúil (CAI).

Maidir le leithreasuithe do eu-LISA, ceanglaítear leis an togra úsáid a bhaint as ceannteideal 1 de CAI – an Clár don Eoraip Dhigiteach (líne buiséid 02.04) – chomh maith le corrlach faoi cheannteideal 4 de CAI.

- ☒ Éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear an corrlach gan leithdháileadh faoin gceannteideal ábhartha de CAI agus/nó go n-úsáidfear na hionstraimí speisialta a shainítear sa Rialachán maidir le CAI a úsáid.

Maidir le leithreasuithe do Eurojust, ceanglaítear leis an togra úsáid a bhaint as an gcorrlach neamh-leithdháilte faoi cheannteideal 2b den CAI.

3.2.7. Ranniocaíochtaí ó thríú páirtithe

- ☒ Ní dhéantar foráil sa togra/tionscnamh maidir le cómhaoiniú le tríú páirtithe.
- ☐ Déantar foráil sa togra/tionscnamh maidir leis an gcómhaoiniú atá measta thíos:

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

	Bliain N	Bliain N+1	Bliain N+2	Bliain N+3	Iontráil na blianta ar fad a theastaíonn le fad an tionchair a thaispeáint (féach pointe 1.6)			Iomlán
Sonraigh an comhlacht cómhaoinithe								
IOMLÁN leithreasuithe cómhaoinithe								

3.3. An tionchar a mheastar a bheidh ar ioncam

- ☒ Ní bheidh tionchar airgeadais ar bith ag an togra ar ioncam..
- ☐ Beidh an tionchar airgeadais seo a leanas ag an togra/tionscnaimh:
 - ☐ ar acmhainní dílse
 - ☐ ar ioncam eile
 - má tá an t-ioncam sannta do línte caiteachais, sonraigh sin ☐

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

Líne buiséid ioncaim:	Leithreasuithe atá ar fáil don bhliain airgeadais reatha	Tionchar an togra/tionscnaimh ⁴⁶						
		Bliain N	Bliain N+1	Bliain N+2	Bliain N+3	Iontráil na blianta ar fad a theastaíonn le fad an tionchair a thaispeáint (féach pointe 1.6)		
Airteagal								

I gcás ioncam ilghnéitheach atá sannta, sonraigh na línte buiséid a n-imrítear tionchar orthu.

Aon rud eile (e.g. an modh nó an fhoirmle a úsáideadh chun an tionchar ar ioncam a ríomh nó aon fhaisnéis eile).

⁴⁶

A fhad a bhaineann le hacmhainní dílse traidisiúnta (dleachtanna talmhaíochta, tobhaigh siúcra), ní mór na méideanna a luaitear a bheith ina nglanmhéideanna, i.e. méideanna comhlána agus 20 % de na costais bhailiúcháin a bheith bainte astu.